An Bord Pinsean -
**The Pensions Board**

Údarás do Phinsin

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2008

www.pensionsboard.ie

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ról agus feidhmeanna an Bhoird Phinsean | 2 |
| Ráiteas misin | 2 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| An Bord Pinsean | 6 |
| **Maoirsiú** | |
| Rialáil | 7 |
| Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí | 16 |
| Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin | 18 |
| Seirbhísí corparáideacha | 22 |
| Foireann an Bhoird Phinsean | 24 |
| **Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008** | |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 26 |
| Ráiteas ar dhualgais an Bhoird | 28 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 29 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 30 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 31 |
| Clár comhardaithe | 32 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 33 |
| Nótaí do na ráitis airgeadais | 34 |
| Ráiteas um íocaíocht pras na gcuntas | 41 |
| **Aguisíní** | |
| Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais | 43 |
| Aguisín II – Plean Gníomhaíochta Custaiméara | 48 |
| Aguisín III – Giorrúcháin | 51 |

# Ról agus feidhmeanna An Bhoird Phinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean faoi fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ("An tAcht") mar chomhlacht ionadaíoch, ar a bhfuil cathaoirleach agus 16 ghnáthbhall ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Sainmhíníonn an tAcht feidhmeanna an Bhoird mar seo a leanas:

- chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar Acht na bPinsean agus forbairt pinsean go ginearálta, lena n-áirítear Conarthaí Blianachta Scoir (RAC)agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)
- chun treoirlínte nó nótaí treoracha a eisiúint ar dhualgais agus freagrachtaí na n-iontaobhaithe de scéimeanna agus de chóid cleachtais maidir le gnéithe sonracha dá gcuid freagrachtaí
- chun treoirlínte nó nótaí treoracha ginearálta a eisiúint bunaithe ar fheidhmiú Acht na bPinsean agus forálacha an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995, agus an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, i ndáil le scéimeanna pinsin
- chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar áiseanna feiliúnacha d'iontaobhaithe scéimeanna
- chun comhairle a chur ar an Aire faoi nithe a bhaineann le feidhmeanna bronnta ar an mBord faoi Acht na bPinsean agus nithe a bhaineann le pinsin go ginearálta, mar aon le tascanna a d'fhéadfadh an tAire a lorg, ó am go ham.

# Ráiteas misin

Tá sí mar aidhm ag an mBord Pinsean chun:

- slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus, RAC iontaobhaí agus ranníocóirí Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn de réir Acht na bPinsean
- cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsin
- cur chun cinn a dhéanamh ar leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu
- eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha mar thacaíocht de shlándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom, de réir Alt 23 d'Acht na bPinsean, 16ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phinsean a sholáthar – An Bord Pinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Tháinig an-cuid d'obair an bhoird i 2008, gó díreach nó go hindíreach ó ghéarchéim eacnamaíocha na hÉireann agus an domhain. Tharla caillteanais suntasacha le haghaidh scéimeanna pinsean na hÉireann agus a mbaill de bharr laghduithe i margaí infheistíochta ar fud an domhain. Mar sin féin, cé chomh buartha agus atáim faoi na caillteanais seo, tá sé mar ábhar imní níos mó nach bhfuil soláthar pinsin forlíontach ar chor ar bith ag beagnach leath den lucht saothair.

Tarraingíodh na caillteanais seo aird faoi leith ar shlándáil na scéimeanna sochair sainmhínithe seo i gcaitheamh na bliana a thionóil an Bord roinnt cruinnithe boird speisialta chun breathnú ar an saincheist seo. Níl na caillteanais a d'fhulaing baill de scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe chomh feiceálach ach tá siad mar ábhar imní fós ag an leibhéal céanna. I gcaitheamh na bliana lean an Bord ar aghaidh ag soláthar tacaíocht theicniúil agus comhairle don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, oifigigh na Roinne agus an Rialtais, fad a dhéanann Éire iarracht chun soláthar pinsean seasta a bhaint amach le linn ré neamhchinnteachta go hidirnáisiúnta.

Ábhar imní faoi leith eile é don Bhord le linn 2008 ná roinnt fostóirí san earnáil tógála ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoin gComhaontú Fostaíochta Cláraithe a raibh tionchar aige ar chearta pinsean dlíthiúil a bhfostaithe. Fuair an Bord roinnt mhaith tuairiscí de chásanna i leith asbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsean fostaithe i gcás fostóirí san earnáil tógála. Breathnaímid air seo mar ábhar an-tromchúiseach. Is é an príomhchuspóir atá againn ná asbhaintí pinsean don scéim a lorg ar ais agus tógfaimid na céimeanna chun na ranníocaíochtaí a chinntiú agus más gá na cuideachtaí agus na stiúrthóirí cuideachta a ionchúiseamh. Le linn 2008, bhain an Bord leas iomlán as a chuid cumhachtaí faoi Acht na bPinsean, agus leanfaidh sé ar aghaidh le leas a bhaint as na cumhachtaí seo, lena n-áirítear an ceart chun dul isteach ar áitreabh fostóirí agus a gcomhairleoirí chun na taifid chuí a thógáil. Táimid ag obair chomh maith le hiontaobhaithe Scéime Pinsean na nOibrithe, Scuad Calaoise na nGardaí, Ombudsman na bPinsean, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Chúirt Oibreachais agus na gníomhaireachtaí cuí eile lena chinntiú go mbreathnaítear ar gach bealach chun ranníocaíochtaí a fháil agus pionós a ghearradh orthu siúd atá freagrach as.

I Meán Fómhair 2008, d'fhoilsigh an Rialtas na freagairtí ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh an Pháipéir Ghlais agus ag am scríofa tá sé ag breathnú ar na saincheisteanna a tarraingíodh aníos tríd an gcomhairliúchán. Is dúshlán é seo, go háirithe nuair a chuireann tú an tírdhreach eacnamaíoch agus pinsean reatha atá ag athrú chomh tapa sin san áireamh. Ba chóir go dtarlódh creatlach cuimsitheach mar thoradh ar na díospóireachtaí le haghaidh todhchaí pholasaí phinsean na hÉireann, agus timpeallacht sheasmhach a sholáthar ina mbíonn muintir na hÉireann in ann soláthar dá scor. Is saincheist náisiúnta criticiúil í soláthar pinsin leordhóthanach. Bhí ról lárnach ag an mBord in eolas a sholáthar agus i gcur leis an díospóireacht pinsin agus níl amhras ar bith orm ach go gcomhlíonfaidh sé a ról iomlán sa phróiseas tábhachtach seo.

Bhí an bhliain seo an-gnóthach agus dúshlánach le haghaidh baill an bhoird agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball as ucht a ndíograis agus a gcabhair sainithe i gcaitheamh na bliana 2008. Tháinig Michael Ryder ar an mBord i mí Bealtaine, é ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus fearann an Bord fáilte faoi leith roimhe.

Braitheann baill an Bhoird Phinsean ar fhoireann an Bhoird chun tacaíocht a thabhairt dúinn inár gcuid oibre, chun polasaithe an Bhoird a chur i bhfeidhm, agus ár gcuspóirí a chur i gcrích. Ba bhliain an-dúshlánach ar fad í 2008 don fhoireann, agus thar ceann baill uile an Bhoird gabhaim buíochas leo as ucht a dtiomantas leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Mary Hanafin T.D., a cuid feidhmeannaigh sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Ranna Rialtais eile as ucht a gcuid tacaíochta leanúnach.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba dhrochbhliain í 2008 le haghaidh coigiltis phinsin agus rinneadh go leor dochar do phleananna scoir an-chuid daoine. Léirítear na laghduithe i margaí infheistíochta ar fud an domhain i 2008, a lean ar aghaidh go luath i 2009 sna laghduithe géara i luach an chuid is mó de choigiltis phinsin ranníocaíochta sainmhínithe, cibé an pinsin gairme, CCSP nó pinsin phearsanta iad. Tá meathlú suntasach le feiceáil i sócmhainneacht na scéimeanna sochair sainmhínithe: is beag scéimeanna anois a chloíonn leis an gcaighdeán maoinithe, agus níl dóthain sócmhainní ag líon beag díobh chun dliteanais na bpinsinéirí reatha a chomhlíonadh.

Cé nach féidir caillteanais phinsin a sheachaint, bhí an scéal i 2008 níos measa ná mar a d'fhéadfadh nó mar ba chóir go mbeadh sé. Tá imní ar an mBord go bhfuil infheistíocht agus maoiniú de go leor scéimeanna sochair sainmhínithe bunaithe ar thoimhdí diana teacht isteach ar infheistíocht, rud nach dtugann a dóthain airde ar rioscaí agus míbhuntáistí infheistíochta. Ina theannta sin, ábhar imní eile don Bhord í infheistíocht i scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe. Ba chóir mínithe cuí agus sothuigthe de roghanna agus rioscaí infheistíochta a chur ar fáil do bhaill scéime. Ba chóir go sholáthródh na scéimeanna seo roghanna infheistíochta ar riosca níos ísle do bhaill agus iad ag druidim le dul ar scor agus ba chóir go mbeadh roghanna infheistíochta réamhshocraithe dea-dheartha acu do gach ball.

Ba chóir go mbeadh ról gníomhach ag baill scéime ina bpinsin agus, mura dtuigeann siad cad atá á sholáthar dóibh, ba chóir dóibh labhairt lena n-iontaobhaithe scéime nó soláthraithe pinsean. Tá réimse leathan faisnéise ag an mBord, ar féidir cabhrú le baill scéime chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar a scéim phinsin. Tá an fhaisnéis seo ar fáil saor in aisce don phobal i gcoitinne.

Bhí na caillteanais infheistíochta chomh mór sin ó 2007 i leith, go bhfuil roinnt daoine ag ceistiú cibé an ndéanann sé ciall airgead a chur i leataobh ar chor ar bith le haghaidh scortha. Tá méadú suntasach ar an bPinsean Stáit i dtéarmaí réadacha le blianta beaga anuas agus tá €230 in aghaidh na seachtaine ar fáil anois. Mar sin féin, in ainneoin na méaduithe a raibh an-fáilte rompu, léiríonn taighde an Bhoird Phinsean go bhfuil ochtar as gach deichniúr nach gceapann gur leor pinsean an Stáit amháin agus tú ar scor. Dá bhrí sin, ní mór dúinn airgead a shábháil chun ioncam scoir breise a sholáthar agus caithimid ciall ceannaithe a bheith againn ón eispéireas a bhí againn le déanaí.

Tá caighdeán saoil na glúine seo i bhfad níos airde ná glúine roimhe seo agus mar thoradh air sin, tá beatha níos faide agus níos sláintiúla againn. Dá bharr sin, áfach, tá pinsin i bhfad níos costasaí. Caithfimid é seo a léiriú inar bpleanáil scoir. Mar sin féin, is minic nach mbíonn sé. Tá deighilt idir na pinsin atáthar ag súil leo agus na ranníocaíochtaí a dhéanann siad féin nó a dhéantar ar a son. Níl an Bord Pinsean freagrach as ucht leibhéil na ranníocaíochtaí pinsin, ach is ábhar imní é don Bhord.

Ní mór do choigiltis phinsean a bheith bunaithe ar réalachas. Caithfidh maoiniú na scéime sochair sainmhínithe a bheith bunaithe ar mheasúnuithe réalaíocha de thorthaí infheistíochta agus d'ionchas saoil. Nil sé cuí d'iontaobhaithe díriú ar ranníocaíochtaí a choimeád íseal agus an caighdeán maoinithe a shásamh: caithfear scéim a bheith inbhuanaithe go fadtéarmach, agus ní mór d'iontaobhaithe dá bhrí sin breathnú ar chostais réalaíocha, rioscaí infheistíochta agus cumas agus toilteanas an fhostóra chun tacaíocht a thabhairt don scéim.

Ciallaíonn rialacháin athchóirithe a thug an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh isteach go sholáthrófar meastacháin ó 1 Iúil 2009 do bhaill na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe faoi cén pinsean a d'fhéadfadh siad a fháil nuair a imíonn siad ar scor. Ní féidir brath go hiomlán ar na meastacháin seo ach ba chóir go mbeadh sé níos éasca pleanáil chun dul ar scor.

Níor tharla na fadhbanna de mhaoiniú scéime agus caillteanais infheistíochta go ginearálta de bharr aon sárú coiriúil de reachtaíocht pinsean. Mar sin féin, i 2008 bhí méadú suntasach i líon na gcásanna faoi imscrúdú an Bhoird le haghaidh cionta ionchasacha faoi Acht na bPinsean, agus déantar tagairt dóibh seo i ráiteas an chathaoirligh.

Ní mór do gach rialaitheoir déileáil le dúshlán na n-acmhainní teoranta, agus a chinntiú go n-úsáidtear iad chomh maith agus is féidir. Éilíonn dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse rialacháin agus maoirseachta gluaiseacht i dtreo múnla

bunaithe ar riosca mar an bealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun acmhainní teoranta a chur i bhfeidhm ar thasc na maoirseachta agus na monatóireachta de scéimeanna pinsean. Tá sé seo cuí i gcás maoirseacht na scéimeanna pinsean gairme de bharr an líon mór scéimeanna agus an éagsúlacht leathan de chineálacha deartha sochair agus cleachtas riaracháin. I dteannta leis an líon mór scéimeanna le maoirsiú, bíonn siad éagsúil chomh maith i méid le haon rud ó bhall aonair go na mílte ball iontu. Dá bhrí sin, soláthraíonn cur i bhfeidhm acmhainní maoirseachta bunaithe ar mheasúnú riosca deis níos mó chun aird a thabhairt ar na scéimeanna cearta. Feidhmíonn an Bord Pinsean ar bhonn tosaíochta socraithe de rioscaí agus ciontaí. Tugann an Bord tús áite do mhídhilsiú sócmhainní scéime nó CCSP nó gan ranníocaíochtaí a thabhairt ar aghaidh, agus leithdháiltear ár n-acmhainní dá réir sin.

Ta na huirlisí rialacháin atá ar fáil don Bhord á bhforbairt agus á mionchoigeartú ar bhonn leanúnach. I 2008, bhain an Bord leas as a gcumhachtaí chun fíneáil a thobhach le haghaidh cionta áirithe. Dá bharr sin, bhí feabhas suntasach le sonrú i meon an chomhlíonta. Díol suntais eile do chumhachtaí maoirseachta an Bhoird ná rialacháin ar riarthóirí scéime pinsean a thabhairt isteach. Faoin Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, bíonn ar gach riarthóir reatha agus nua clárú leis an mBord. Ag am scríofa bhí 192 riarthóir pinsean cláraithe leis an mBord.

Ní mór d'iontaobhaithe gach scéim pinsean gairme Riarthóir Cláraithe (RA) a cheapadh chun seirbhísí áirithe a sholáthar don scéim. Is féidir leis an mBord, nuair a bhíonn sé ag déanamh iniúchta le haghaidh comhlíonadh, díriú anois ar na RAanna agus na scéimeanna a sholáthraíonn siad seirbhísí dóibh, in ionad na mílte scéimeanna cláraithe. Trí dhíriú ar ghrúpa níos lú, níos dírithe, tá an Bord ag baint leasa as a chuid acmhainní ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí. Chomh maith le héifeachtúlacht ról rialacháin an bhoird a fheabhsú, tacaíonn an beart chomh maith le hiontaobhaithe arbh fhéidir leo a bheith muiníneach anois go ndéantar maoirseacht neamhspleách orthu siúd a fhostaíonn siad chun taisc chomhlíonta suntasacha a chur i gcrích ar a son.

Mar chomhlacht poiblí, tá an Bord Pinsean go hiomlán ar an eolas faoina fhreagracht chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil ó thaobh costais de agus is féidir. Tá áthas orm dá bharr sin chun tuairisc a thabhairt ar fharasbarr €300,000 le haghaidh 2008, i gcomparáid le heasnamh buiséadta os cionn €1.6 milliún. Tharla sé seo go príomha de bharr costais foirne réamh-mheasta níos ísle ná a bhíothas ag súil leo agus caiteachas comhairleoireachta seachtracha a choimeád i bhfad níos ísle ná an buiséad. Níor tháinig aon mhéadú ar tháillí le haghaidh scéimeanna gairme ó 2002 i leith. Tuarann an Bord easnamh le haghaidh 2009 agus níos déanaí sa bhliain breathnóidh an Bord ar cibé ar chóir iarraidh ar an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun méadú i dtáillí a údarú. Mar sin féin, braitheann cumas an Bhoird chun a chuid feidhmeanna a bhaint amach ar na hacmhainní atá ar fáil dó. Ní mór dúinn a chinntiú gur leor na hacmhainní seo chun ceadú don Bhord a chuid feidhmeanna rialacháin a chur i gcrích agus ionchais an Rialtais agus an phobail a chomhlíonadh.

Ba bhliain an-crua í 2008 d'fhoireann an Bhoird Phinsean, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do thiomantas fhoireann iomlán an Bhoird i gcaitheamh na bliana. Tríd síos na heagraíochta bhí brúnna suntasacha de bharr gníomhaíochta rialacháin méadaithe, éileamh seirbhísí faisnéise agus soláthar ionchuir pholasaí pinsean, sainchomhairle agus tacaíochta dár mbaill Bhoird agus dár Rialtas. Chuathas i ngleic leis na brúnna seo go dearfach agus go proifisiúnta. I 2009, tá i bhfad níos mó éileamh agus dúshlán nua le tabhairt fúthu, agus táim muiníneach go rachaidh an Bord agus a fhoireann i ngleic leo.



**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

# An Bord Pinsean

Comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil, amhail an 31 Nollaig 2008, cathaoirleach amháin agus 16 gnáthbhall. Cé gurb é an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheapann baill uile an Bhoird, faoi fhorálacha an Achta, ní mór go mbeadh ionadaithe ceardchumann, fostóirí, leasa tomhaltóirí, leasa pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsin ar an mBord.

Is é cúig bliana an téarma oifige do bhaill an Bhoird. Líontar folúntais ócáideach go díreach ar threoir an Aire, nó ar ainmniúchán ón gcomhlacht ainmniúcháin ábhartha, de réir mar is cuí. Coinníonn duine a líonann folúntas ócáideach oifig don chuid eile den tréimhse cúig bliana reatha a thosaigh ar 21 Nollaig 2005. Tháinig an Bord le cheile 14 uair i 2008.

Is iad seo a leanas baill reatha an Bhoird:

**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

**William Beausang**
Ionadaí an Aire Airgeadais

**Mary O'Donnell**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

**Emer O'Flanagan**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

**Michael O'Halloran**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na bpinsinéirí

**Gerry Ryan**
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsin na hÉireann

**Marie Daly**
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

**John Dillane**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na dtomhaltóirí

**Mary Wade**
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsin in Éirinn

**Fergus Whelan**
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn

**Niall Walsh**
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn

**Michael Ryder**
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe

**Dervla Tomlin**
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann

**An Dr. Orlaigh Quinn**
Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

**Rosalind Briggs**
Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn



**Rosheen Callender**
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann Náisiúnta – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe

**Julian Caplin**
Ainmní an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

# Rialáil



## Prionsabail an rialacháin níos fearr

Comhlíonann an Bord a ról rialaitheach bunaithe ar an bprionsabail seo a leanas:

**Simplíocht:** Ba chóir go bhforbródh an rialáil go léir cosaint na mball. Ba cheart go n-áireodh sé nádúr deonach scéimeanna pinsean agus an riachtanas rialála nach ábhar drochmhisnigh soláthar reatha pinsean nó bunú soláthar nua pinsin.

**Trédhearcacht:** Tá an príomhfhreagracht maidir le dea-iompar na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe. Cuireann an Bord béim ar an nochtadh eolais, d'fhonn a chur ar chumas daoine aonair, a gceardchumainn agus comhairleoirí eile monatóireacht a dhéanamh ar staid a socruithe pinsean féin.

**Comhréireacht:** Is é ár mbeartas ná iarracht a dhéanamh chun géilliúlacht le riachtanais rialaitheacha a dhaingniú gan ghá le gníomhaíocht dlíthiúil, ach go dtógfar a leithéid de ghníomhaíocht más gá. Is iad leasa na mball scéime ár gcéad tosaíocht.

**Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cothroime:** Is iad na prionsabail ghinearálta d'éifeachtúlacht, d'éifeachtacht agus de chothroime atá mar bhonn lenár ngníomhaíochtaí uile.

## Tosaíochtaí maoirseachta

D'fhonn a chinntiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtúil agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na modhanna is tábhachtaí agus is éifeachtaí glacann an Bord le cur chuige maoirseachta réamhghníomhach bunaithe ar chliarlathas na dtosaíochtaí riosca mar seo a leanas:

1. scéim nó sócmhainní nó ranníocaíochtaí CCSP a bheith mídhílsithe
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. maoiniú neamhleor scéimeanna sochair shainmhínithe
4. infheistíocht neamhchomhlíonta de shócmhainní pinsin
5. eolas easnamhach tugtha do bhaill

Feidhmíonn an fhoireann Rialála go gníomhach le haonáin rialaithe agus a cuid soláthraithe riaracháin d'fhonn leibhéil chomhlíonta a mheas bunaithe ar na tosaíochtaí thuasluaite.

## Scéimeanna sochair sainmhínithe

Laghdaigh líon na scéimeanna sochair sainmhínithe gníomhacha a bhí cláraithe leis an mBord le linn 2008 ó 1,319 go dtí 1,271. Mar sin féin, mhéadaigh líon na mball gníomhach sna scéimeanna seo ó 24,678 go dtí 579,922.

## Scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe

Tháinig laghdú ar líon na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe gníomhacha leis an mBord ó 8,059 go 90,424. Cuirtear tromlach an laghdaithe seo i leith tionscadail ghlantacháin éagsúla a tharla ag súil le réimeas riarthóra cláraithe agus a raibh éifeacht aige ar scéimeanna neamhghrúpa go príomha nach bhfuil ach ball amháin iontu. Ag deireadh 2008 bhí ballraíocht iomlán na scéimeanna sochair sainmhínithe cothrom le 272,197.

*Tábla 1 – Scéimeanna reatha – sochar sainmhínithe*

| | Líon na scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| Méid na scéime | 31 Noll 2007 | 31 Noll 2008 | 31 Noll 2007 | 31 Noll 2008 |
| Neamh-ghrúpa | 32 | 29 | 32 | 29 |
| 1 go 50 | 777 | 749 | 13,149 | 12,660 |
| 51 go 99 | 163 | 156 | 11,909 | 11,511 |
| 100 go 500 | 239 | 230 | 54,052 | 53,097 |
| 501 go 1000 | 50 | 48 | 34,465 | 33,261 |
| 1001 + | 58 | 59 | 441,637* | 469,364 |
| **Iomlán:** | **1,319** | **1,271** | **555,244*** | **579,922** |

### Nótaí

1) Ag eisiamh RDB amháin agus scéimeanna sochair báis amháin

2) Ag eisiamh scéimeanna calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh.

3) Ciallaíonn 'Neamh-ghrúpa' scéim nach bhfuil ach ball amháin inti de réir a bhunaithe.

** Táthar tar éis na huimhreacha a choigeartú suas le 24,311 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2007, mar thoradh ar mhoill i dtuairisciú na mball i leith scéim amháin.*

*Cairt 1 – Scéimeanna sochair sainmhínithe reatha i gcomparáid le 2007*




*Cairt 2 – Scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe reatha i gcomparáid le 2007*




*Tábla 2 – Scéimeanna reatha – ranníocaíocht sainmhínithe*

| | Líon na scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| **Méid na scéime** | **31 Noll 2007** | **31 Noll 2008** | **31 Noll 2007** | **31 Noll 2008** |
| Neamh-ghrúpa | 76,172 | 68,504 | 76,172 | 68,504 |
| 1 go 50 | 21,775 | 21,330 | 90,809 | 89,277 |
| 51 go 99 | 309 | 332 | 21,457 | 22,952 |
| 100 go 500 | 194 | 222 | 35,475 | 41,338 |
| 501 go 1000 | 17 | 19 | 11,568 | 13,422 |
| 1001+ | 16 | 17 | 33,984 | 36,704 |
| **Iomlán:** | **98,483** | **90,424** | **269,465** | **272,197** |

*Tábla 3 – Scéimeanna reatha – sochar sainmhínithe agus ranníocaíocht sainmhínithe*

| | Líon na scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| **Méid na scéime** | **31 Noll 2007** | **31 Noll 2008** | **31 Noll 2007** | **31 Noll 2008** |
| Neamh-ghrúpa | 76,204 | 68,533 | 76,204 | 68,533 |
| 1 go 50 | 22,552 | 22,079 | 103,958 | 101,937 |
| 51 go 99 | 472 | 488 | 33,366 | 34,463 |
| 100 go 500 | 433 | 452 | 89,527 | 94,435 |
| 501 go 1000 | 67 | 67 | 46,033 | 46,683 |
| 1001+ | 74 | 76 | 475,621* | 506,068 |
| **Iomlán:** | **99,802** | **91,695** | **824,709*** | **852,119** |

### Nótaí

1) Ag eisiamh RDB amháin agus scéimeanna sochair báis amháin.
2) Ag eisiamh scéimeanna calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh.
3) Ciallaíonn 'Neamh-ghrúpa' scéim nach bhfuil ach ball amháin inti de réir a bhunaithe.

### Nótaí

1) Ag eisiamh RDB amháin agus scéimeanna sochair báis amháin.
2) Ag eisiamh scéimeanna calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh.
3) Ciallaíonn 'Neamh-ghrúpa' scéim nach bhfuil ach ball amháin inti de réir a bhunaithe.

** Táthar tar éis na huimhreacha a choigeartú suas le 24,311 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2007, mar thoradh ar mhoill i dtuairisciú na mball i leith scéim amháin.*

*Cairt 3 – Cóimheas baill scéime sochair sainmhínithe le baill scéime ranníocaíochta sainmhínithe 2008*




*Tábla 4 – Scéimeanna sochair sainmhínithe – eisiata ón gcaighdeán maoinithe*

| | Líon na scéimeanna | | Líon na mBall | |
|---|---|---|---|---|
| Méid na scéime | 31 Noll 2007 | 31 Noll 2008 | 31 Noll 2007 | 31 Noll 2008 |
| Neamh-ghrúpa | 3 | 2 | 3 | 2 |
| 1 go 50 | 33 | 32 | 665 | 682 |
| 51 go 99 | 12 | 9 | 844 | 666 |
| 100 go 500 | 18 | 22 | 3,827 | 4,776 |
| 501 go 1000 | 6 | 5 | 4,430 | 3,450 |
| 1001+ | 21 | 21 | 297,256* | 313,043 |
| **Iomlán:** | **93** | **91** | **307,025*** | **322,619** |

### Nótaí

1) Ag eisiamh RDB amháin agus scéimeanna sochair báis amháin

2) Ag eisiamh scéimeanna calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh.

3) Ciallaíonn 'Neamh-ghrúpa' scéim nach bhfuil ach ball amháin inti de réir a bhunaithe.

** Táthar tar éis na huimhreacha a choigeartú suas le 24,311 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2007, mar thoradh ar mhoill i dtuairisciú na mball i leith scéim amháin.*

*Tábla 5 – Gníomhaíocht chláraithe – sochar sainmhínithe agus ranníocaíocht sainmhínithe*

| | Scéimeanna SS | Baill SS | Scéimeanna RS | Baill RS | Iomlán na Scéimeanna | Iomlán na mBall |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir 2008 | 1,319 | 555,244* | 98,483 | 269,465 | 99,802 | 824,709* |
| Clárúcháin i 2008 | 237 | 6,984 | 18,681 | 42,105 | 18,918 | 49,089 |
| Gluaiseachtaí eile | -285 | 17,694 | -26,740 | -39,373 | -27,025 | -21,679 |
| Nollaig 2008 | 1,271 | 579,922 | 90,424 | 272,197 | 91,695 | 852,119 |
| Athrú i mBliain | -48 | 24,678 | -8,059 | 2,732 | -8,107 | 27,410 |

### Nótaí

** Táthar tar éis na huimhreacha a choigeartú suas le 24,311 chun léargas a thabhairt ar an bhfigiúr ceart do 2007, mar thoradh ar mhoill i dtuairisciú na mball i leith scéim amháin.*

## Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)

Ba é 155,632 líon na gconarthaí CCSP a bhí i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2008. B'ionann luach na sócmhainní a bhí á mbainistiú agus €1.2 billiún.

Bhí 88,213 fostóir ar an iomlán sínithe le soláthraí CCSP faoi riachtanais éigeantacha rochtana an fhostóra agus bhí CCSP ag 55,160 fostaí trína fhostóir.

Formheasadh trí tháirge Chaighdeánach breise agus ceithre tháirge Neamhchaighdeánach i gcaitheamh na bliana. Tharraing soláthraí CCSP amháin, ag a raibh dhá tháirge Chaighdeánach, ón margadh i Lúnasa 2008,agus bhí líon na soláthraithe CCSP ag 9 ansin le 67 táirge, a chuimsigh 28 Caighdeánach agus 39 Neamhchaighdeánach.

Ag am scríofa, tá an próiseas formheasa CCSP á sruthlíniú lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní rialacháin an Bhoird chomh héifeachtúil agus is féidir agus go mbaintear leas as de réir ár dtosaíochtaí rialacháin.

Sholáthair na soláthraithe tuarascálacha ráithiúla i rith na bliana. Bhí eolas le fáil sna tuarascálacha seo ar líon agus luach carnach sócmhainní na gconarthaí do gach ráithe. Léirítear comparáid bliain ar bhliain de CCSPanna agus staidrimh a bhaineann le hainmnithe fostóra sna cairteacha seo a leanas.

## Imscrúduithe agus gníomhaíocht chomhlíonta

Tionscnaítear imscrúduithe boird i ndiaidh fiosrúchán nó gearán ó bhaill scéime, iontaobhaithe, ceardchumainn nó trí thuairisciú éigeantach nó deonach. Ina theannta sin, tionscnaítear imscrúduithe bunaithe ar iniúchtaí randamacha déanta ag an mBord bunaithe ar scéimeanna pinsean gairme agus CCSP. Is í príomhaidhm an Bhoird in imscrúdú ar bith ná leasa bhaill na scéime nó ranníocóirí CCSP a chosaint.

Is féidir cásanna a dhéanann an Bord imscrúdú orthu a chur i dhá phríomh-chatagóir, iad sin ina n-úsáideann an Bord a chumhachtaí ar leith faoi Alt 18 d'Acht na bPinsean agus a fhorálann le haghaidh pionóis ar leith le haghaidh neamh-chomhoibriú le himscrúdú an Bhoird agus iad sin ina mbíonn réiteach gan leas a bhaint as forálacha Ailt 18.

Le linn 2008 d'oscail an Bord 181 cás imscrúdaithe nua agus faoi dheireadh na bliana measadh go raibh sé riachtanach nó cuí leas a bhaint as a údarás in Alt 18 maidir le 61 de na cásanna. Bhain an-cuid de na cásanna ina mbaintear leas as Alt 18 le Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála.

*Comparáid CCSP bliain ar bhliain – 31 Nollaig 2003 go 31 Nollaig 2008*



Ó líon iomlán na gcásanna a rinne an Bord imscrúdú orthu i 2008, tharla 150 de bharr tuairiscí sceithirí a fuair an Bord agus bhain sé don chuid is mó le teip líomhnaithe na bhfostóirí chun ranníocaíochtaí pinsean a tógadh ó phá a chur ar aghaidh. Bhain cásanna eile le gearáin a líomhain:

- neamh-sholáthar faisnéise maidir leis an rogha chun seirbhís bharúlach a cheannach i scéimeanna na hearnála poiblí
- neamh-sholáthar na litreacha roghanna do bhaill ar fhágáil na seirbhíse nó dhul ar scor
- ríomh mícheart de theidlíochtaí sochair na mball agus/nó an moill in íocaíocht na sochair sin
- an teip chun ranníocaíochtaí a infheistiú ar bhealach tráthúil
- neamh-chomhlíonadh leis na rialacháin infheistíochta
- neamh-chomhlíonadh na bhfostóirí lena gcuid oibleagáidí chun rochtain éigeantach ar CCSP a sholáthar.

## Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála

I Márta 2008, chuir an Bord iarratas rathúil isteach ar ordú na hArdchúirte ag cur ina luí d'fhostóir san earnáil tógála chun riaráiste de ranníocaíochtaí €186,825 a íoc. D'eascair an cás maidir le Limestone Construction Limited as gearán gur theip air ranníocaíochtaí pinsean a bhaintear óna fhostaithe a chur ar aghaidh go Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála(CWPS). Rinne an Bord imscrúdú ar an suíomh gan fhógra d'áitreabh Limestone i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus na Gardaí i dteannta leo. Mar chuid den imscrúdú ar an suíomh thóg an Bord taifid ríomhaire agus phárolla agus rinne cuntasóirí fóiréinseacha anailís orthu sin i gcoinne na dtaifead ballraíochta a bhí ag an CWPS. D'úsáid an Bord an fhianaise seo chun a imeachtaí Ardchúirte a chur ar siúl faoi Alt 87 d'Acht na bPinsean a thugann cumhacht don Bhord ordú Ardchúirte a lorg a chuireann ina luí d'fhostóir riaráiste de ranníocaíochtaí a íoc isteach i scéim.

I ndiaidh chaingean na Ardchúirte, thionscain an Bord imeachtaí coiriúla faoi Acht na bPinsean i gcoinne Limestone Construction Limited agus stiúrthóir ó Limestone Construction Limited a tháinig os comhair na Cúirte Dúiche ar 24 Meán Fómhair 2008. Theip ar an gcosantóir teacht go dtí an chúirt agus níor rinneadh ionadaíocht ar a shon. Eisíodh barántas binse chun an stiúrthóir a ghabháil, atá ag am scríofa, fós ag na Gardaí le cur i gcrích.

Leanann an Bord ar aghaidh ag déanamh imscrúdú ar os cionn 150 cás a líomhnaíonn asbhaint agus gan ranníocaíochtaí pinsean a thabhairt ar aghaidh don CWPS, agus mar thoradh ar roinnt díobh d'aontaigh na fostóirí na riaráiste úd a urscaoileadh. Is é príomhchuspóir an Bhoird sna cásanna seo ná airgead dlite don scéim a aisghabháil. Sa chás nuair nach dtéann fostóirí i ngleic leis an mBord nó an CWPS, bainfidh an Bord leas as a gcumhachtaí faoi Acht na bPinsean agus meastar go mbeidh roinnt ionchúisimh ag dul ar aghaidh le linn 2009 tar éis imscrúduithe ar an suíomh d'áitreabh an fhostóra i gceist.

## Fíneálacha ar-an-láthair

Tugann réimeas na fíneála ar-an-láthair, a tháinig i bhfeidhm ar 17 Meán Fómhair 2007, chomhrogha d'ionchúiseamh de chionta áirithe faoi Acht na bPinsean. Féadfar an Bord fógra i scríbhinn a thabhairt do dhuine ag líomhain go bhfuil cion déanta agus, más rud é, laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, go bhfuil an cion curtha ina cheart ag an duine chun sástacht an Bhoird agus go bhfuil an fhíneáil €2,000 íoctha, ní bheidh ionchúiseamh i gceist.

Féadfar fíneálacha ar an láthair a úsáid i ndáil le raon cionta riaracháin faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear:

- teip chun scéim a chlárú leis an mBord
- teip chun teastais mhaoinithe achtúireacha (AFCanna)a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh de spriocdhátaí reachtúla
- teip chun eolas áirithe a thabhairt do bhaill scéime
- teip chun freagra a thabhairt ar iarratais ar eolas ón mBord
- teip chun táillí dlite don Bhord a chur ar aghaidh
- teip ar fhostóirí comhairle a chur ar fhostaithe maidir le ranníocaíochtaí pinsin nó CCSP.

Le linn 2008, eisíodh fógraí fíneála d'iontaobhaithe de 23 scéim sochair shainmhínithe maidir lena dteip chun AFCanna dá scéimeanna faoi seach a chur faoi bhráid an Bhoird mar atá riachtanach de réir Acht na bPinsean. I 14 cás, íocadh an fhíneáil €2,000 le haghaidh gach iontaobhaí agus réitíodh an cion líomhnaithe ar shásamh an Bhoird. Dá bhrí sin, níor chuir an Bord aon imeachtaí ionchúiseamh ar siúl sna cásanna seo.

I sé chás, tháinig sé chun solais nár tharla an cion líomhnaithe, mar shampla, áit ar athraigh an scéim go RS, nó bhí tús curtha leis é a fhoirceannadh ach, theip ar na hiontaobhaithe an Bord a chur ar an eolas dá réir sin. Féadfar teipeanna dá leithéid chun an Bord a chur ar an eolas faoi athruithe maidir le sonraí clárúcháin scéime a bheith mar sháruithe ar an Acht agus faoi réir fíneálacha ar an láthair.

As an trí chás eile atá fágtha, ag am scríofa, tá an Bord ag breathnú faoi láthair ar cibé an mbeadh caingean dlí breise cuí i gceann de na cásanna seo agus sa dá chas deireanach tá na fógraí fíneála atheisithe go seoltaí eile.

Eisíodh sé fhógra fíneála chuig sé fhostóir os rud é gur theip orthu freagra a thabhairt ar iarratas an Bhoird le haghaidh faisnéis áirithe maidir lena gcuid oibleagáidí fostóra éigeantacha chun rochtain ar sholáthar pinsean a chur ar fáil trí CCSP dá bhfostaithe. I dtrí chás réitíodh an cion líomhnaithe agus tríd an fhaisnéis chuí a chur isteach agus fíneáil €2,000 a íoc laistigh de 21 lá d'eisiúint an fhógra. I gcás amháin, soláthraíodh faisnéis bhreise don Bhord chun breathnú uirthi. Sá dá chás eile, theip ar na fostóirí teacht ar réiteach maidir leis an gcion líomhnaithe agus an fhíneáil a íoc laistigh de 21 lá d'eisiúint an fhógra agus rinne an Bord ionchúiseamh rathúil ar na fostaithe sin os rud é gur theip orthu an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil.

## Ionchúisimh

Rinne an Bord ceithre ionchúiseamh rathúil i 2008 in aghaidh fostóirí os rud é gur theip orthu freagra a thabhairt ar a achainí le haghaidh faisnéise maidir lena gcuid oibleagáidí fostóra éigeantacha chun rochtain ar sholáthar pinsean a chur ar fáil dá bhfostaithe. Bhain dhá cheann díobh sin le sáruithe a tháinig roimh thabhairt isteach réimeas na bhfíneálacha ar-an-láthair agus fuair an dá cheann eile fógraí fíneála ar-an-láthair roimh imeachtaí ionchúiseamh a eisiúint.

## Cruinnithe le hiontaobhaithe scéime agus soláthraithe pinsean

Le linn 2008, thionóil an Bord cruinnithe le hiontaobhaithe de 16 cinn de na scéimeanna sochair sainmhínithe is mó ar a chlár scéimeanna agus le réimse soláthraithe pinsean maidir le scéimeanna sochair sainmhínithe agus ranníocaíochtaí sainmhínithe, CCSPanna agus RAC iontaobhaí. Tá an cineál seo rannpháirtíochta le haonáin rialaithe agus a soláthraithe riaracháin ag teacht le cur chuige maoirseachta an Bhoird atá bunaithe ar riosca.

Ba é cuspóir na gcruinnithe seo ná saincheisteanna a phlé agus deimhniú a lorg ina leith ar nós:

- maoiniú
- íocaíocht agus slándáil ranníocaíochta
- infheistíocht sócmhainní
- cúrsaí riaracháin
- cúrsaí comhlíonta.

Chuir cruinnithe le soláthraithe pinsean an deis ar fáil chun cúrsaí comhlíonta de chomhleasa a phlé agus chun ionchais an Bhoird de réimeas an Riarthóra Cláraithe (RA) a leagan amach go soiléir nuair a cuireadh tús leis i Samhain 2008.

Leanfaidh an Bord ar aghaidh leis an leibhéal seo rannpháirtíochta i 2009, ina mbeidh réimse scéimeanna a roghnófar go randamach ó chlár scéimeanna an Bhoird. Beidh baint le soláthraithe pinsean curtha i gcrích trí iniúchtaí as an suíomh agus cigireachtaí ar an suíomh.

## Riarthóirí Cláraithe

Le héifeacht ó 1 Samhain 2008 bhí ar iontaobhaithe ó gach scéim, lena n-áirítear scéimeanna RAC iontaobhaí móra, RA a cheapadh chun seirbhísí sonraithe a chur ar fáil don scéim. Is iad na feidhmeanna sonraithe ná ullmhú tuarascálacha bliantúla agus ráitis leasa bliantúla do na hiontaobhaithe agus taifid leordhóthanach agus chuí de bhaill a choinneáil agus a dteidlíochtaí chun na feidhmeanna seo a chur i gcrích. Is cion é faoi Acht na bPinsean nuair a theipeann ar iontaobhaithe RA a cheapadh. Thairis sin is cion é nuair a theipeann ar RA na feidhmeanna a chur i gcrích laistigh de na teoranta ama a sonraítear sa reachtaíocht. D'fhéadfadh ionchúisimh ón mBord a bheith san áireamh i smachtbhannaí, ag cur an RA faoi réir coinníollacha agus a clárúchán á athnuachan, nó an t-éitheach chun an clárúchán a athnuachan. Braithfidh an smachtbhanna a chuireann an Bord i bhfeidhm ar an méid neamh-chomhlíonta agus b'fhéidir go mbraithfidh sé chomh maith ar an líon na scéimeanna i ndáil lena rinne an RA an cion.

Ag súil le réimeas an RA, thionóil an Bord roinnt seimineáir i mí Bealtaine 2008 chun riachtanais na reachtaíochta nua a mhíniú, lena n-áirítear sonraí den phróiseas clarúcháin. Faoi dheireadh 2008, bhí 192 gnólacht curtha ar Chlár Riarthóra an Bhoird atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird ag *www.pensionsboard.ie*.

## Maoirsiú CCSP

Lean an Bord ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí fostóra trí thuairiscí na Cigireachta Leasa Shóisialaigh agus tuarascálacha aonair brathadóireachta. Bhí ceithre ionchúiseamh rathúil ag an mBord i gcoinne fostóirí i 2008. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil fostaithe ar an eolas faoina gcearta dlíthiúla maidir le rochtain de chineál soláthar pinsin éigin a bheith acu óna bhfostóir. Sa chás nuair nach mbíonn an ceart seo tugtha d'fhostaithe ba chóir dóibh an Bord Pinsean a chur ar an eolas agus déanfaidh siad an rud cuí.

## Monatóireacht ar chaighdeán maoinithe

Éilítear faoi Acht na bPinsean nach mór do scéimeanna sochair sainmhínithe (seachas scéimeanna díolmhaithe ag rialacháin) teastas maoinithe achtúireach (AFC)a sholáthar don Bhord gach trí bliana. Deimhníonn achtúire na scéime cibé, dá mba rud é go raibh foirceannadh na scéime déanta faoi dháta éifeachtach an teastais, an leor a shócmhainní chun a fhiachais a chomhlíonadh. Mura leor, caithfear moladh maoinithe a chur isteach atá deartha chun an scéim a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta.

Lena chois sin, ní mór go n-áireodh gach tuarascáil bhliantúil iontaobhaithe le haghaidh scéim sochair sainmhínithe ráiteas ón achtúire maidir le cibé an gcomhlíonfadh an scéim an caighdeán maoinithe ar lá deireanach na tréimhse tuairiscithe. Má léiríonn an ráiteas nach n-éiríonn leis an gcaighdeán seo a chomhlíonadh, ní mór don scéim teastas maoinithe achtúireach (AFC) a sholáthar don Bhord laistigh de 12 mhí de dheireadh na tréimhse tuairiscithe chomh maith le moladh maoinithe, más gá.

I 2008, fuair an Bord teastais mhaoinithe achtúireacha AFCanna i ndáil le 402 scéim. Astu seo, léirigh 279 (69%) go raibh an caighdeán maoinithe comhlíonta ag na scéimeanna i gceist. Theip ar an 123 scéim eile (31%) an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh. I 2007, shásaigh 81% de na scéimeanna a chuir teastais isteach an bhliain sin an caighdeán maoinithe.

I measc an 123 scéim ar theip orthu an caighdeán maoinithe a shásamh i 2008, tá tograí maoinithe i bhfeidhm ag 53 díobh, astu sin tá 28 ceadaithe do thréimhse níos faide ná trí bliana. Bhí moltaí ar feitheamh ag an 70 scéim eile faoi dheireadh na bliana, le 51 de na scéimeanna seo ag baint leas as tréimhse sínithe idir sé mhí agus naoi mí chun a gcuid moltaí maoinithe a chur faoi bhráid. D'fhormheas an Bord an síneadh seo i nDeireadh Fómhair 2008 de bharr luaineacht eisceachtúil na gcoinníollacha margaidh. Tá an Bord ag lorg chur faoi bhráid na moltaí sna cásanna eile, nó de réir mar is cuí, ag feitheamh ar chríochnú a fhoirceanta.

Tá léargas le fáil i dTábla 6 agus 7 ar an seasamh ag deireadh na bliana i ndáil le comhlíonadh scéimeanna sochair shainmhínithe leis an gcaighdeán maoinithe. Léiríonn Tábla 6 staid fhoriomlán na scéimeanna sochair sainmhínithe a bhí faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe ag deireadh na bliana bunaithe ar an staid mhaoinithe de réir an teastais mhaoinithe is déanaí a fuarthas, briste síos de réir catagóire na scéime agus líon na mball. Léiríonn Tábla 7 seasamh na scéimeanna a chuir teastais mhaoinithe faoi bhráid an Bhoird le linn 2008.

*Tábla 6 – Scéimeanna sochair sainmhínithe atá faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe*

| | Scéimeanna SS atá faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe | | Scéimeanna a shásaigh an caighdeán maoinithe ag am an AFC is déanaí | | Scéimeanna ar theip orthu an caighdeán maoinithe a bhaint amach ag am an AFC is déanaí | | Scéimeanna nach bhfuil aon AFC ullmhaithe díobh fós* | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Méid na scéime** | **Líon na Scéimeanna** | **Líon na mBall** | **Líon na Scéimeanna** | **Líon na mBall** | **Líon na Scéimeanna** | **Líon na mBall** | **Líon na Scéimeanna** | **Líon na mBall** |
| Calctha | 208 | 0 | 143 | 0 | 54 | 0 | 11 | 0 |
| Neamh-ghrúpa | 7 | 7 | 5 | 5 | 2 | 2 | 0 | 0 |
| 1-50 | 710 | 11,292 | 468 | 7,281 | 210 | 3,559 | 32 | 452 |
| 51-99 | 143 | 10,608 | 89 | 6,601 | 47 | 3,413 | 7 | 594 |
| 100-500 | 203 | 46,904 | 127 | 29,473 | 69 | 15,454 | 7 | 1,977 |
| 501-1,000 | 42 | 29,260 | 29 | 20,251 | 10 | 6,734 | 3 | 2,275 |
| 1,001 + | 38 | 156,321 | 27 | 72,688 | 10 | 20,170 | 1 | 63,463 |
| **Iomlán:** | **1,351** | **254,392** | **888** | **136,299** | **402** | **49,332** | **61** | **68,761** |

** Is éard atá sa bhfigiúr seo den chuid is mó ná clárúcháin níos nuaí nach bhfuil aon teastas maoinithe dlite fós ach áiríonn sé roinnt scéimeanna ina bhfuil teastas maoinithe thar téarma le bheith curtha isteach agus tá siad seo á leanúint ag an mBord.*

*Tábla 7 – Na scéimeanna a bhfuarthas teastais mhaoinithe dóibh i 2008*

| | Na scéimeanna a bhfuarthas teastais mhaoinithe dóibh i 2008* | | Astu sin a shásaigh an caighdeán maoinithe | | Astu sin nár shásaigh an caighdeán maoinithe** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Méid na scéime** | **Líon na Scéimeanna** | **Baill Ghníomhacha** | **Líon na Scéimeanna** | **Baill Ghníomhacha** | **Líon na Scéimeanna** | **Baill Ghníomhacha** |
| Calctha | 30 | 0 | 18 | 0 | 12 | 0 |
| Neamh-ghrúpa | 3 | 3 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 1-50 | 234 | 3,976 | 161 | 2,598 | 73 | 1,378 |
| 51-99 | 40 | 2,988 | 25 | 1,860 | 15 | 1,128 |
| 100-500 | 71 | 17,606 | 52 | 13,732 | 19 | 3,874 |
| 501-1,000 | 14 | 9,234 | 13 | 8,729 | 1 | 505 |
| 1,001 + | 10 | 20,805 | 8 | 18,429 | 2 | 2,376 |
| **Iomlán:** | **402** | **54,612** | **279** | **45,350** | **123** | **9,262** |

** Nuair a cuireadh isteach níos mó ná teastas maoinithe achtúireach amháin le haghaidh scéime i rith na bliana, níl ach an teastas is déanaí léirithe sna figiúirí seo.*

*** Den 123 scéim seo; ag am scríofa, chuir 28 cinn moltaí maoinithe fadtéarmacha isteach tar éis iarratas chuig an mBord faoi Alt 49(3) agus chuir 25 cinn moltaí trí bliana isteach. Den 70 scéim fágtha, bhí 51 cinn ag baint leasa as tréimhse sínithe idir sé mhí agus naoi mí chun a gcuid moltaí a chur isteach; ceadaithe ag an mBord i nDeireadh Fómhair 2008 de bharr luaineacht eisceachtúil i gcoinníollacha margaidh, tá naoi gcinn foirceanta nó á bhfoirceannadh, rinne dhá cheann iarratas chuig an mBord faoi Alt 49(3) agus tá an Bord ag lorg cur faoi bhráid na moltaí san ocht gcás deireanach.*

Ba chóir é a thabhairt faoi deara go léiríonn tábla 6 & 7 an staid maoinithe maidir le scéimeanna a bhfuarthas teastas maoinithe dóibh i 2008. Ag am scríofa, measann an Bord go bhfuil céatadán na scéimeanna nach bhfuil ag comhlíonadh caighdeáin mhaoinithe thart ar 90%.

## Iarratais don Bhord faoi Alt 49(3)

Faoi Alt 49(3) d'Acht na bPinsean, féadfaidh an Bord aontú ar dháta níos déanaí trínár féidir a bheith ag súil go réasúnach le comhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe sa chás go bhfuil togra maoinithe á chur i bhfeidhm. Ciallaíonn an scéim seo gur féidir tograí maoinithe a ullmhú – tograí atá deartha ar mhaithe le comhlíonadh leis an gcaighdeán thar thréimhse trí bliana nó níos mó.

Den 228 iarratas a cuireadh chuig an mBord faoi Alt 49(3) go dtí seo, bronnadh 209 díobh. Tugadh an t-éitheach don chuid eile, nó tarraingíodh siar iad nó ní fhéadfadh an Bord breathnú orthu ós rud é nár chomhlíon siad na critéir riachtanacha.

Níor rinneadh ach sé iarratas i 2008. Ina theannta sin, bhí líon beag athiarratais ó scéimeanna inar sainíodh dáta níos déanaí ach ina raibh an moladh imithe ó mhaith.

Roimh meathlú an mhargaidh, braitheadh i 2008 go raibh leanúnachas sa treocht dhearfach i ndáil le scéimeanna a raibh ar a gcumas deireadh a chur lena moltaí fadtéarmacha. Tá deireadh curtha ag 66 scéim lena moltaí ar an iomlán ar na cúiseanna seo:

- shásaigh 39 scéim an caighdeán maoinithe;
- bhog 3 scéim go moladh 3 bliana;
- rinne 23 scéim a fhoirceannadh, a ndearnadh an tromlach díobh sócmhainneach roimhe chríochnú suas nó aistrithe chuig scéim sochair sainmhínithe eile.

Níl ach 143 de na scéimeanna ar a nglactar na moltaí níos fadtéarmaí fós á leanúint ar an mbonn níos fadtéarmaí seo.

## Scéimeanna trasteorann

Iarann Alt 20 de Threoir an AE faoi ghníomhaíochtaí agus maoirseacht na n-institiúidí le haghaidh scéimeanna pinsean gairme (Treoir IORP) ar scéimeanna a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí trasteorann go mbeadh réamh-údarú agus réamh-formheas acu. Ní mór d'aon scéim pinsean atá bunaithe in Éirinn iarratas ar údarú a chur faoi bhráid an Bhoird Phinsean sula nglacann sé le ranníocaíochtaí ó ghabháltas urraíochta i mBallstáit eile.

Le linn 2008 fuair an Bord iarratas nua amháin ar údarú trasteorann agus cead glacadh le ranníocaíochtaí ó iontaobhaithe scéim Éireannach, agus dá bhrí sin, chiallaigh sé go bhfuair an Bord 27 iarratas ar fad. Ag am scríofa bhí ceithre cinn de na hiarratais i 2008 ceadaithe agus bhí an t-iarratas amháin a bhí fágtha fós á mheas. Bhain na hiarratais a ceadaíodh le gníomhaíochtaí tras-teorann sa Ríocht Aontaithe, san Ungáir, sa Pholainn, i Lucsamburg agus san Íslitír.

Thug an Rialtóir Airgeadais sa Ríocht Aontaithe eolas don Bhord maidir le 17 scéim sa Ríocht Aontaithe a bhfuil baill Éireannacha iontu agus a bhfuil cead tugtha ina leith a bheith páirteach i ngníomhaíocht thrasteorann. Ní bhuair an Bord scéal ar bith faoi ghníomhaíocht dá leithéid ó aon bhallstát eile san AE.

# Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí

Tá freagracht reachtúil ag an mBord comhairle a thabhairt don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi chúrsaí pinsean. Tá sé tar éis áit tábhachtach a thógáil i dtimpeallacht déanta polasaí trí roinnt tionscnamh agus bealaí. Tá sé tar éis:

- sainchomhairle theicniúil a thabhairt don Rialtas maidir le ceisteanna casta pinsean
- leas a bhaint as an eolas faighte ónár bpróisis rialála agus treoir thráthúil agus bheacht a sholáthar d'fhonn cur le soláthar agus slándáil pinsean agus cruth na reachtaíochta
- foinsí nua eolais a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna cumhdaigh agus feasacht a chruthú thart orthu seo.

I ráiteas straitéise an Bhoird 2006-2010 aithnítear cur chun cinn forbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsin mar phríomhaidhm. Le cois comhairle agus leasú reachtaíochta, bhí clár gnó polasaí 2008 níos leithne agus níos comhtháite le próisis náisiúnta déanta cinntí ná mar a bhí fíor sna blianta roimhe sin.

## Forbairtí polasaí 2008

Táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le ról pholasaí an Bhoird i gcaitheamh na bliana 2008, go háirithe:

- ag tacú le déanamh polasaí idir-Rannach agus obair eile ar shaincheisteanna pinsean i gcoitinne, lena n-áirítear obair leanúnach don Pháipéar Glas ar Phinsin, ag glacadh páirt i ngrúpa oibre a bunaíodh chun slándáil sochair sainmhínithe agus saincheisteanna bainteacha a scrúdú agus ag cur go gníomhach leis an gCoimisiún um Chánachas, an próiseas Comhpháirtíochta Sóisialta agus an Grúpa Athbhreithniú Pinsean Comhpháirtíochta
- ag cur le saincheisteanna polasaí Eorpacha, go háirithe an fo-choiste sóchmhainneachta CEIOPS agus próiseas comhairlithe coibhneasach an AE i leith shaincheisteanna sóchmhainneachta. I rith 2008, thosaigh an Bord ag glacadh páirt i ngrúpa oibre an Choiste ar Chosaint Tomhaltóirí nua-bhunaithe. Leanann an Bord ar aghaidh ag cur go suntasach leis an bhfo-ghrúpa ar phinsin CEIOPS, agus tá sé tar éis príomh-ról a thógáil i líon áirithe tionscadal ag baint le gníomhaíocht thrasteorann ar nós athbhreithniú ar dhlí sóisialta agus saothair Eorpach agus ar Phrótacal Bhúdaipeist
- ag forbairt foinsí sonraí nua agus eiseacha, lena n-áirítear ag ullmhú do mhodúl iomlán an tSuirbhé Fostaíochta Náisiúnta agus do chomhlíonadh riachtanais rialacháin an AE de chuid Eurostat
- ag leanúint ar aghaidh le cultúr comhlíonta a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí nua ar nós ag cur leis an gcóras tugtha isteach le déanaí de mhonatóireacht ar chomhlíonadh achtúireach; ag déanamh athbhreithniú ar chumhachtaí an Bhoird agus ag cur cinn nua chun cinn lena n-áirítear na forálacha pinsean a ullmhú don Dréacht-Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. Thug an reachtaíocht seo éifeacht do mholadh an athbhreithnithe iontaobhaíochta maidir le clárú agus iniúchadh gníomhaíochtaí riaracháin de riarthóirí pinsean.

## Polasaí rialála

### Eurostat

I measc tosaíochtaí an Bhoird do 2008 bhí feidhmiú Rialacháin (CE) Uimh 2056/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de 5 Samhain 2002 ag leasú Rialacháin na Comhairle (CE, Euratom) Uimh 58/97 maidir le staitisticí gnó struchtúrtha, a éilíonn ar bhallstáit uile an AE eolas sainiúil a sholáthar do Eurostat. Ní mór an t-eolas seo a sholáthar don Bhord ar bhonn bliantúil agus tá éifeacht leis do bhlianta scéime ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2008.

Príomhfheidhmeannach, Brendan Kennedy agus Cathaoirleach, Tiarnan O Mahoney, An Bord Pinsean.

### Clúdach pinsin

Mar chuid de sceideal na suirbhéanna comhaontaithe leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), léirigh na torthaí do R1 2007 agus R1 2008, a foilsíodh i Meán Fómhair 2008, gurbh é an clúdach iomlán ag pinsin gairme agus pearsanta de dhaoine go léir i bhfostaíocht ná 54% i 2008 i gcomparáid le 52% i 2007. Ba é an clúdach dóibh siúd thar 30 bliain d'aois (an grúpa a ag tagairt do sprioc an Tionscnaimh Polasaí Pinsean Náisiúnta bunaidh de 70%) ná 61%, i gcomparáid le 60% i R1 2007. Cuirfear suirbhé iomlán ar phinsin i gcrích i R4 2009. Le linn 2009, beidh cruinnithe ar siúl leis an CSO chun críoch a chur leis an suirbhé iomlán ar phinsin agus chun breathnú ar chlár monatóireachta clúdaigh nua.

### Fócas an Pholasaí do 2009

Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag dul i dteagmháil le Ranna Rialtais ábhartha chun béim a chur ar na saincheisteanna os comhair scéimeanna pinsin, go háirithe tionchair na luaineachta margaíochta foircní reatha do scéimeanna, agus tabharfaidh sé tacaíocht theicniúil nuair a bhíonn sí ag teastáil. Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag cur le próiseas an Pháipéir Ghlais. Dearbhóidh toradh phróiseas an Pháipéir Ghlais agus aon saincheisteanna ábhartha os comhair scéimeanna pinsin treoir ról pholasaí an Bhoird sa todhchaí. Ó thaobh chlár oibre na hEorpa de, leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú ar an Treoir IORP, riachtanais sóchmhainneachta na scéimeanna pinsin agus an comhordú agus forbairt leanúnach de ghníomhaíochtaí trasteorann.

## Reachtaíocht

### Athruithe reachtúla chun éifeachtacht na reachtaíochta pinsin a fheabhsú

Tá liosta mionsonraithe den reachtaíocht a tugadh isteach i 2008 maidir le pinsin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird ag *www.pensionsboard.ie*.

An tAire Mary Hanafin T.D.

### An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008

Síníodh an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008 isteach sa dlí ar 7 Márta 2008. Chuir an tAcht seo an córas clárúcháin de riarthóirí scéim pinsin a dhéanann obair riaracháin scéim pinsin thar ceann iontaobhaithe i bhfeidhm. Bhí éifeacht ag na forálacha ó 1 Samhain 2008. Cuireann an tAcht dualgas freisin ar fhostóirí oiliúint iontaobhaithe chuí a shocrú ag eatraimh rialta d'iontaobhaithe scéime.

## Nochtadh Faisnéise

Le linn 2008, síníodh Rialacháin um Acht na bPinsean, 1990, (Nochtadh Faisnéise) (Leasú) 2008 isteach sa dlí freisin. D'athraigh na rialacháin seo na riachtanais nochta faisnéise eiseacha do scéimeanna agus RAC iontaobhaí. Sonraíonn na rialacháin an fhaisnéis go mba chóir a áireamh i Ráiteas Tuartha Réasúnta do bhaill na scéime ranníocaíochta sainmhínithe. Forálann na rialacha freisin nach mbeidh ar scéimeanna beaga atá i bhfoirceannadh a ullmhaíonn tuarascálacha bliantúla ráiteas ón achtúire a chur isteach a thuilleadh ag cur in iúl cibé an gcloíonn an scéim nó an féidir a bheith ag súil go réasúnta go gcloífidh sí leis an gcaighdeán maoinithe ó dháta áirithe ar aghaidh.

Éilíonn na rialacháin seo freisin go sholáthraíonn RAanna faisnéis Eurostat sainiúil don Bhord maidir le scéimeanna agus RAC iontaobhais a sholáthraíonn siad seirbhísí riaracháin lárnacha ar a son. Nuair a ghníomhaíonn níos mó ná RA amháin ar son scéime nó CBS iontaobhais, níor chóir ach don RA atá freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú an fhaisnéis chuí a sholáthar. Do scéimeanna na hearnála poiblí cuirtear an dualgas chun an fhoirm a chomhlánú ar riarthóir na scéime.

# Seirbhísí eolais agus fiosrúcháin




Tugann foireann na seirbhísí Faisnéise eolas do pháirtithe leasmhara pinsin trí fhoilseacháin, an suíomh gréasáin agus seirbhísí fiosrúcháin, go tráthúil agus go beacht de réir Cairt Chustaiméirí an Bhoird.

Tá faisnéis agus treoir ar ardchaighdeán faoi phinsin riachtanach chun leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir a bheith acu.

## Suíomh gréasáin (*www.pensionsboard.ie*)

Bhí níos mó ná 490,000 cuairteoir ar shuíomh ghréasáin an Bhoird i 2008, méadú 11% thar 2007. Is acmhainn thábhachtach oideachais agus faisnéise é suíomh ghréasán an Bhoird d'earnáil na bpinsean agus do thomhaltóirí i gcoitinne. Tá ríomhaire na bpinsean ag leanúint ar aghaidh mar an réimse den suíomh gréasáin a dtugann formhór na ndaoine cuairt air. Bíonn líon na síntiúsóirí don fheidhm 'news by e-mail' de shíor ag fás. Is cuspóir leanúnach don Bhord é feabhas a chur ar sheachadadh faisnéise agus seirbhísí tríd an suíomh gréasáin.

## Seirbhísí fiosrúcháin

I 2008 phléigh seirbhísí Faisnéise le níos mó ná 9,000 fiosrúchán ar chúrsaí pinsin. Tá briseadh síos le fáil faoin gcineál fiosrúcháin agus faoi phróifíl an fhiosraitheora le fáil sna hachoimrí seo a leanas.

Ar an iomlán, tá mionlaghdú tagtha ar líon na bhfiosrúchán díreach ar an mBord do 2008. Le linn na tréimhse seo tá méadú tagtha freisin ar líon na gcuairteoirí ar an suíomh gréasáin mar a ndearnadh tagairt dóibh thuas, rud a d'fhéadfadh an laghdú i bhfiosrúcháin dhíreacha a mhíniú.

Baineann an méadú is mó i gcatagóir an fhiosrúcháin le 'nochtadh', lena n-áirítear fiosrúcháin a bhaineann le cuntais iniúchta, tuarascálacha bliantúla, sochair bháis/scoir agus scéimeanna atá i bhfoirceannadh. Is féidir an méadú seo a chur síos le feasacht tomhaltóra ardaithe faoi teidlíochtaí faisnéise agus tabhairt isteach na Rialachán Nochta nua.

| Cineál fiosrúcháin | 2007 Líon | 2007 % | 2008 Líon | 2008 % |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmeanna an Bhoird Phinsean | 2,025 | 20% | 1,345 | 14% |
| Caomhnú | 478 | 5% | 603 | 6% |
| Caighdeán maoinithe | 47 | 0% | 92 | 1% |
| Nochtadh | 2,063 | 20% | 2,787 | 29% |
| Dualgais an Iontaobhaí | 200 | 2% | 305 | 3% |
| Cóireáil pinsean chomhionann | 30 | – | 17 | – |
| Tuairisciú éigeantach agus deonach agus iarratais ilghnéitheacha chun na hard-chúirte | 5 | – | 5 | – |
| CCSPanna | 1,285 | 13% | 793 | 8% |
| Ombudsman na bPinsean | 20 | – | 32 | – |
| Scéimeanna trasteorann | 44 | – | 22 | – |
| Tarchuir don Ghnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin)/ Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST/GSAP) | 2,524 | 25% | 2,350 | 25% |
| Riarthóirí Cláraithe | 172 | 2% | | |
| Fiosrúcháin eile | 1,563 | 15% | 1,087 | 12% |
| **Iomlán:** | **10,284** | **100%** | **9,610** | **100%** |

Thug pinsinéirí, baill ghníomhacha, fostóirí, ceardchumainn, cleachtóirí, iontaobhaithe, na meáin chumarsáide agus daoine eile fiosrúcháin chun cinn, sa choibhneas seo a leanas:

| | 2007 | | 2008 | |
|---|---|---|---|---|
| **Próifíl an fhiosraitheora** | **Líon** | **%** | **Líon** | **%** |
| Pinsinéir | 170 | 2% | 250 | 3% |
| Ball gníomhach | 3,911 | 44% | 4,515 | 52% |
| Cuideachta/fostóir | 510 | 6% | 680 | 8% |
| Ceardchumann | 30 | – | 20 | – |
| Cleachtóir pinsin | 634 | 7% | 845 | 10% |
| Iontaobhaí | 163 | 2% | 186 | 2% |
| RGST/GSAP | 1,654 | 19% | 1273 | 15% |
| CCSP | 745 | 8% | 247 | 3% |
| Eile | 1,009 | 12% | 588 | 7% |
| **Iomlán:** | **8,826** | **100%** | **8,604** | **100%** |

Baineann an grúpa is mó d'fhiosraitheoirí le baill ghníomhacha ag 4,515 nó 52%. San áireamh sa chatagóir 'Eile' tá fiosraitheoirí ó na meáin chumarsáide, mic léinn taighde agus an pobal i gcoitinne.

## Leabhráin faisnéise

Solathraíonn an Bord réimse cuimsitheach de leabhráin faisnéise ar féidir a fháil saor in aisce ón mBord agus atá ar fáil ar-líne freisin ag *www.pensionsboard.ie*. Tugann na leabhráin seo neart faisnéise ar Acht na bPinsean, An Bord Pinsean agus cearta baill scéime go ginearálta faoin Acht agus reachtaíocht pinsin ábhartha eile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a chuid leabhráin faisnéise ar mhaithe le heolas atá le nuashonrú agus le feabhsú a aithint.

## Cur i láthair poiblí

Gach bliain seachadann an Bord sraith fhairsing de chuir i láthair faisnéise do réimse leathan éagsúil de ghníomhaireachtaí Stáit, institiúidí gairmiúla, eagraíochtaí ionadaí fostóra agus ceardchumainn. Áirítear le cúrsaí clúdaithe sna cuir i láthair seo príomh-ghnéithe Acht na bPinsean, agus reachtaíocht eile a bhfuil tionchar aici ar phinsin. Tá na cuir i láthair seo ar fáil ar shuíomh ghréasán an Bhoird.

Láithreoir aimsire RTÉ Karina Buckley le beirt bhan óg Éireannach ag tabhairt réamh-mheastacháin ar cad atá i ndán dóibh ó thaobh airgeadais de ag Lá na mBan & na bPinsean 2008.

Brendan Kennedy, Príomhfheidhmeannach, An Bord Pinsean agus cócaire clúiteach, Neven Maguire, ag seoladh an Fheachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean 2008 a leag béim ar leith ar na hearnálacha leis an gclúdach pinsin is ísle in Éirinn, go háirithe an tionscal fáilteachais.

Cathal Divilly, Stiúrthóir Bainistíochta d'Institiúid an tSár-Ionaid Oibre agus Maura Howe, Bainisteoir Tionscadail, Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean ag seoladh Lá na bPinsin san Ionad Oibre 2008.

## Oideachas, faisnéis agus caidrimh leis na meáin chumarsáide

Soláthraíonn an Bord airteagail faisnéise agus oideachais a chlúdaíonn gnéithe uile pinsean do na meáin chumarsáide agus raon cuimsitheach geallsealbhóirí tionscail agus tomhaltóra ar bhonn leanúnach. Lorgaíonn an Bord deiseanna meáin chumarsáide thar réimse asraonta chun díospóireacht ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn. Mar chuid de seo tá sé ar intinn oideachas a thabhairt ar agus tacú le feasacht ar phinsin agus an tábhacht a bhaineann le soláthar pinsin i measc spriocghrúpaí sainaitheanta.

## Seirbhísí tacaíochta iontaobhaithe

I measc feidhmeanna reachtúla an Bhoird tá:

- treoir a sholáthar d'iontaobhaithe maidir lena ndualgais agus freagrachtaí i ndáil le riaradh scéime
- cóid cleachtais a eisiúint maidir le sainréimsí de dhualgais iontaobhaithe
- comhairle a chur ar an Aire maidir le caighdeáin d'iontaobhaithe agus caighdeáin a chur i bhfeidhm

Tá an Bord ag leanúint le soláthar áiseanna feiliúnacha oiliúna d'iontaobhaithe scéimeanna a spreagadh mar aon le glacadh leis na háiseanna seo i measc iontaobhaithe, lena n-áirítear trína ionadaíocht ar an ngrúpa stiúrtha d'Fhóram Iontaobhaithe Chumann Cistí Pinsin na hÉireann. Tá liosta na gcúrsaí oiliúna iontaobhaithe formheasta ar fáil ar *www.pensionsboard.ie*.

Cuireadh tús i 2008 le hobair ar fhorbairt áis ríomhfhoghlama le haghaidh oiliúna iontaobhaithe. Chun tacú leis an bhforbairt seo rinneadh Lámhleabhar na nIontaobhaithe a nuashonrú agus cuirfear é ar fáil ar líne saor in aisce i rith 2009.

## Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) á reáchtáil ag an mBord gach bliain ó 2003 i leith. Grúpa tionscadail ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, soláthraithe agus páirtithe sóisialta a dhéanann maoirseacht air. D'fháiltigh an Bord roimh fhógra an Aire go rabhthas chun €1 milliún a sholáthar chun leanúint le FNFP i 2008.

Chuimsigh feachtas 2008 teagmháil dhíreach leis an bpríomh-lucht éisteachta, cur chun cinn margaíochta, caidrimh phoiblí, tionscnaimh fógraíochta agus oideachais. Ba é an príomh-fhócas ná chun an mhistéir a bhaint de phinsin agus chun tuiscint ar phinsin a mhéadú ag súil le coigilteas scoir fadtéarmach a spreagadh.

## Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean (NPAW)

Bhí an NPAW ar siúl ó 1 go dtí 7 Bealtaine 2008. Bhí struchtúr na seachtaine socraithe chun béim a chur ar agus díriú go sonrach ar an bpríomh-lucht éisteachta a raibh clúdach pinsean go híseal ina measc go traidisiúnta lena n-áirítear; na hearnálacha fáilteachais, mná, daoine óga agus oibrithe idirnáisiúnta. Cuireadh an t-ionad oibre chun cinn mar an láthair is fearr le haghaidh faisnéise, tuisceana agus tógáil-suas pinsean.

Ba iad na tosaíochtaí do FNFP 2008 ná chun:

- feasacht ar phinsin a mhéadú lena n-áirítear tuiscint níos fearr ar phinsin agus tacaíocht faoiseamh cánach, go háirithe i measc an phríomh-luchta éisteachta áit a bhfuil feasacht ar phinsin íseal go maith
- gníomhaíocht i measc na ndaoine gan aon soláthar pinsin a mhéadú
- líon na ndaoine ag tabhairt aghaidh ar leorgacht an tsoláthair pinsin a bhfuil acu a mhéadú
- forbairt a chur chun cinn i leith pleanáil agus cláir oideachas airgeadais

Leagadh béim shainiúil ar na pobail talmhaíochta agus feirmeoireachta i rith míonna Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair ar fad. Tugadh faoi cur chun cinn agus tionscnaimh le Macra na Feirme, Mná agus Talmhaíocht, an *Farmers Journal* agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

I nDeireadh Fómhair 2008, leagadh an phríomh-bhéim ar leorgacht phinsin agus an tábhacht a bhaineann le cinntiú gur féidir ionchais maidir le pinsean a chomhlíonadh le linn scoir.

Cuireadh feasacht ghinearálta, tuiscint agus oideachas ar phinsin chun cinn i rith na bliana ar fad ag imeachtaí iomadúla agus freisin trí rannpháirtíocht an Bhoird ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta d'Oideachas Airgeadais.

# Seirbhísí corparáideacha

## Monatóireacht ar airgeadas

I mí Feabhra 2008, chuir an Bord críoch le luacháil ar an meicníocht bailiú táillí le haghaidh scéimeanna pinsean gairme. Bhreathnaigh an luacháil seo ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an mhodha reatha agus rinne sí scrúdú ar shamhlacha bailithe féideartha eile. D'fhéach Coiste Airgeadais agus Iniúchta an Bhoird ar an luacháil. Sa deireadh cinneadh, ó thaobh cothromaíochta de, go mba chóir an mheicníocht reatha chun táillí a ghearradh a choinneáil.

## Táillí na Scéime Pinsean Gairme (OPS)

Forálann Cuid 25 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, go n-íocfaidh iontaobhaithe scéime táille bhliantúil leis an mBord. De bhun an mhéid seo tugadh isteach Rialacháin na Scéimeanna Pinsean Gairme (Táillí) (Leasú), 2002 (I.R. 610 de 2002). Tá an ráta táille reatha de €9.50 in aghaidh an bhaill ghníomhaigh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2003 i leith.

I nDeireadh Fómhair 2008 mhol an Bord don Aire Gnóthaí Sóisialacha gus Teaghlaigh gan aon athrú a dhéanamh ar an táille OPS do 2008. Tá socrú táille cosúil leis sin i bhfeidhm do CBS atá iontaobhas bhunaithe. I 2008, bhailigh an Bord €4.67 milliún i dtáillí OPS agus táillí CBS, méadú 7% thar an bhliain roimhe sin.

## Táillí CCSP

Forálann Codanna 96(1)(f) agus 117(6) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, go gclúdóidh táillí CCSP an costas de CCSPanna a rialú. I 2008, bhailigh an Bord €810,511 maidir le táirgí CCSP, méadú 44% thar an bhliain roimhe sin. Cuireadh deireadh leis an deontas i gcabhair a bhí infhaighte ón Státchiste mar ranníocaíocht i dtreo rialaithe CCSPanna ag deireadh 2007 trí chomhaontú. Dá réir seo, tá an Bord ag íoc as na costais go léir a bhaineann le rialú CCSPanna anois.

## Rialachas

Ghlac an Bord go foirmiúil leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit ag a chruinniú in Aibreán 2002. Leanann an Bord ar aghaidh ag cloí lena fhorálacha agus déanann sé monatóireacht ar riachtanais ar bhonn rialta. Fuair baill uile an Bhoird treoir faoi chóid iompair eiticiúla agus go háirithe faoina gcuid freagrachtaí maidir leis an gCód Iompair Ghnó le haghaidh Baill agus Foirne an Bhoird Phinsean.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é an Bord chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá comhairle tugtha do bhaill an Bhoird (mar shealbhóirí 'stiúrthóireachtaí ainmnithe') agus tá comhairle curtha ar bhaill foirne (a bhfuil 'post ainmnithe' acu) maidir lena gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht eitice agus tá treoir chuí tugtha freisin.

## Bainistiú riosca

Faoi fhorálacha an Chóid Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit tá dualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí córas foirmiúil bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis a bheith réamhghníomhach maidir le cloí lena Pholasaí Bainistíocht Riosca. Chuir sé a chéad Clár Riosca le chéile i Nollaig 2002, le nuashonruithe air i 2004 agus 2007, agus leagann sé amach na príomh-róil agus na príomh-dhualgais i gcomhair bainistíocht riosca a bhfuil ag an mBord agus rinne sé athbhreithniú ar an gClár Riosca Corparáideach, a thugann mionsonraí ar na rioscaí is suntasaí os comhair an Bhoird agus ar na freagraí atá i bhfeidhm chun na rioscaí seo a bhainistiú.

## Coiste Airgeadais agus Iniúchta

Is coiste buan de chuid an Bhoird é an Coiste Airgeadais agus Iniúchta. Soláthraíonn sé comhairle faoi agus maoirseacht ar chúrsaí rialachais agus smachta airgeadais agus bainteacha eile. Déanann an coiste maoirseacht ar agus rialaíonn sé an fheidhm iniúchta inmheánach a sholáthraítear ó lasmuigh. Tugann an coiste tuarascálacha don Bhord ar bhonn leanúnach. Sa bhreis ar a ghnáth-ghníomhaíochtaí, le linn 2008 choimisiúnaigh an coiste athbhreithniú neamhspleách ar chomhlíonadh cháin an Bhoird mar a éilítear faoi Alt 12 den Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. D'áitigh an t-athbhreithniú gur chomhlíon an Bord a dhualgais maidir le cáin.

## Acmhainní daonna

Is cuid thábhachtach d'fheidhm an Bhoird iad cleachtais acmhainní daonna. Cuirtear an obair seo i gcrích agus forbraítear í i gcomhar leis an gcoiste comhpháirtíochta agus an bhfoireann bhainistíochta.

Aithnítear bainistíocht feidhmíochta eagraíochtúil agus aonair, agus riachtanais oiliúna agus forbartha trí mheán Córais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Tá oiliúint ar fáil d'fhostaithe uile an Bhoird. Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Nuachóirithe an Bhoird rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas CBFF ar mhaithe leis a chomhtháthú le cur chun cinn agus bronnadh incrimintí. Tháinig an córas athbhreithnithe seo i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2008.

Is é an tArd-Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe an Bhoird. Mar chuid den phróiseas seo, measadh gur chomhlíon dul chun cinn an Bhoird a chuspóirí faoin bplean a bhaint amach na critéir cháilíochta íocaíochta ón 1 Márta agus 1 Meán Fómhair 2008 faoi Chomhaontú *I dTreo 2016*.

Bhronn an Bord duaiseanna oideachais fhoirne faoi Scéim na nDámhachtainí Oideachais a spreagann an fhoireann chun tabhairt faoi oiliúint acadúil agus gairmiúil bhreise. Spreagtar an fhoireann freisin chun leas a bhaint as cláir forbartha pearsanta leanúnacha. Tá tús curtha ag an mBord le clár oiliúna na Gaeilge chun cúnamh a thabhairt don Bhord ag comhlíonadh a chuid riachtanas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tháinig na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Úsáid Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) i bhfeidhm ar 1 Samhain 2007. Sheachad an Bord clár fairsing d'oiliúint sláinte agus sábháilteachta le linn 2008. Chríochnaigh líon áirithe ball foirne oiliúint Maor Dóiteáin agus Bainisteoir Dóiteáin in éineacht le cúrsa Garchabhrach Gairme a chuimsigh oiliúint dhífhibrilithe. Cuireadh oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte, a dearadh go sonrach do riachtanais ar leith an Bhoird, ar fáil do bhaill foirne uile. Eagraíodh sraith seisiún lóin agus foghlama ag díriú ar leas an fhostaí freisin i rith na bliana. Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht a chuid ball agus d'oiliúint a sheachadadh dá fhoireann go léir. Bíonn sláinte agus sábháilteacht mar chuid de chlár oibre an Choiste Chomhpháirtíochta i gcónaí.

## Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

Leanann feidhm TFC an Bhoird leis na teicneolaíochtaí digiteacha is nua-aimseartha a mheas ar mhaithe le cur le slándáil agus le luach na seirbhíse a sholáthraímid dár gcustaiméirí ar fad. Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag cur feabhais ar an leibhéal seirbhíse reatha trí mhonatóireacht agus forbairt leanúnach agus solúbthacht chun freastal ar riachtanais eagraíochtúla leanúnacha. Cuireadh feabhas ar chórais líonra agus cuireadh feabhas breise ar chórais bhainistíocht airgeadais an Bhoird chun cúnamh a thabhairt i rialú airgeadais níos déine ar thionscadail mhóra.

## Tionscadal riachtanais sonraí

I gcaitheamh na bliana 2008, thug an Bord faoi athbhreithniú ar a riachtanais sonraí:

- mar rialtóir reachtúil socruithe pinsean gairme agus táirgí CCSP
- mar chomhairleoir don Rialtas ar chúrsaí pinsin
- faoina dhualgais chun sonraí a bhailiú ar phinsin na hÉireann do Eurostat, oifig staidrimh an AE.

Cuireadh an tionscadal seo i ngníomh chun riachtanais sonraí fad-téarmacha an Bhoird a shainaithint agus na huirlisí ag teastáil le haghaidh bhainistíocht agus úsáid na sonraí a shonrú. Bhain anailís shonraí agus fiosrúchán ar shamhlacha cuí leis an tionscadal. Cuirfear críoch leis an tionscadal seo go luath i 2010.

# Foireann an Bhoird Phinsean

**Déantar an chinntíocht laethúil a thiomnú don fhoireann faoi mhaoirsiú gníomhach an Bhoird.**
**Foireann an Bhoird ar 31 Nollaig 2008.**

**Brendan Kennedy**
Príomhfheidhmeannach

**Mary Hutch**
Ceannaire ar Rialáil

**Tom Dunphy**
Ceannaire ar Sheirbhísí Corporáideacha (Rúnaí don Bhord)

**Philip Dalton**
Ceannaire ar Phleanáil

**Yvonne White**
Ceannaire ar Sheirbhísí Dlíthiúla, Achtúireacha agus Polasaí

**Sylvia McNeece**
Comhairleoir Dlí

**Pat O'Sullivan**
Comhairleoir Achtúire

**David Malone**
Ceannaire ar Fhaisnéis

**Rialáil**
Aideen Bugler
Gerard Clarke
Mary Howe
Carol Jordan
Catherine Goulding
Martin Buggy
Sherry Bass
Ronan Scott
Edel Stenson
Alison Massey
Marie Earley
Barry O'Connor
Julie McCarthy
Valerie Christie
Mary Conlon

**Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin**
Andrew Nugent
Deirdre Kelly
Emily Kealy
Maura Moroney
Catherine McAuley
Marianne Cremin
Eileen Flynn
Maura Howe

**Seirbhísí dlíthiúla, achtúireacha agus polasaí**
Cheryl Richardson
Iseult Doherty
Patricia Ballantine
Lydia Leonard
Renee O'Reilly

**Seirbhísí corparáideacha**
Gregory Whelan
Rachael Gleeson

**Bainistíocht sonraí agus slándáil TFC**
John McCarthy
John Henry

**An Roinn Airgeadais**
Christina Winters
Kieran O'Dea

**Bailiú táillí scéime**
Laura Allen

# Ráitis airgeadais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 26 |
| Ráiteas ar dhualgais an Bhoird | 28 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 29 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 30 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 31 |
| Clár comhardaithe | 32 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 33 |
| Nótaí do na ráitis airgeadais | 34 |
| Ráiteas um íocaíocht pras na gcuntas | 41 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird Phinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoi Acht na bPinsean, 1990.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí coibhneasacha.

## Freagrachtaí ar Leithligh an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Bord Pinsean freagrach as ucht na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na bPinsean, 1990 agus as rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Pinsean na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid Baill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Baill an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúla agus rialála agus na Caighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Déanaim mo thuairim a thuairisciú ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Déanaim tuairisciú freisin i mo thuairim féin ar cibé an bhfuil leabhair chuntais cearta arna gcoinneáil. Sa bhreis air sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nár feidhmíodh airgid do na cuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach gcloíonn na hidirbheartaíochtaí leis na húdaráis atá á rialú.

Freisin déanaim tuairisciú mura bhfuilim tar éis an t-eolas agus na míniúcháin riachtanacha uile a ghnóthú ar mhaithe le mo hiniúchadh.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisciú ar aon chás ábhartha nach ndéantar amhail, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach i leith eolais eile atá agam ó m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais. Níl sé de dhíth orm breathnú ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus rialúcháin airgeadais uile, nó tuairim a chruthú ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim eolas eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascáil má thugaim aird ar aon mhíráiteas nó neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## Bunús Tuairime na hIniúchóireachta

Le linn dom mo fheidhm a bhaint amach mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais de réir na Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Ríocht Aontaithe agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breathnúcháin speisialta a bhaineann leis na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, d'fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus nochtadh agus rialtacht de chuid na hidirbhearta airgeadais a cuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach le haghaidh cúinsí an Bhoird, feidhmithe go comhsheasmhach agus nochta go fónta.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an t-eolas agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur bhreathnaigh mé a bheith riachtanach d'fhonn mé a sholáthar le fianaise fónta chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an bhfuil amhail mar thoradh ar chalaois nó mírialtacht nó botún eile. Agus mo thuairim á fhoirmiú agam, rinne mé luacháil freisin ar an leorgacht foriomlán de chuid léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

I mo thuairim féin, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta Coitianta in Éireann, ar staid chúrsaí an Bhoird amhail ag 31 Nollaig 2008 agus dá ioncam agus caiteachas don bhliain arna chríochnú ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

**Gerard Smyth**
*Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

20 Bealtaine 2009

# Ráiteas ar dhualgais an Bhoird

Faoi Alt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí go bhféadfadh a bheith formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le haontú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de dhíth ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i ngnó
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Chomh maithe le sin tá an bord freagrach as ucht sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

**Dervla Tomlin**
*Ball den Bhord*

11 Bealtaine 2009

# Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

## Freagracht as ucht córas um rialú inmheánach airgeadais

Thar cheann an Bhoird, admhaím ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta a thabhairt seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí coiscthe nó go mbeadh siad aitheanta in am tráthúil.

## Príomh-ghnáthaimh rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí cheartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta a bhunú
- deighilt shoiléir a chruthú idir feidhmeanna an Bhoird agus feidhmeanna Feidhmiúcháin
- Cód Iompair a fhoilsiú do bhaill an Bhoird agus foireann an Bhoird Phinsean;
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlacthan an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- cumas an Bhoird chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i leith an leas a baintear astu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas dáilte agus freagrachta. Go háirithe áirítear ann:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ina bhfuil buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord leis
- athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla á ndéanamh ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord – athbhreithnithe a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm i 2003 is í an fheidhm iniúchta inmheánach an phríomh eilimint a chuireann an Bord ar an eolas maidir le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánaigh faoi réir an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh eolas trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir agus tá cleachtadh anailíse lán riosca déanta maidir leis sin. Tá anailís riosca agus an iniúchadh inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus formheasta ag an mBord.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, tá monatóireacht déanta ag an mBord Pinsean, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iniúchta, ar obair an Fheidhmeannaigh sa réimse um rialú airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas:

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasacha ón mbuiséad;
- cuntais bhliantúla do 2007 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2009
- athbhreithniú ar mhodheolaíocht bhailiú tháille na scéime pinsean gairme
- athbhreithniú ar chomhlíonadh cánach
- réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid
- tuairiscí an iniúchta inmheánaigh.

## Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2008 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

11 Bealtaine 2009

# Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta

Tá na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas tar éis a bheith curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a glacthar leo mar ábhartha i leith na ráitis airgeadais.

## a) Bonn ullmhúcháin ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le comhthoiliú an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe chomh maith faoi réir caighdeáin chuntasaíochta coitianta in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

## b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le Scéimeanna Pinsin Gairme sa bhliain. Áiríonn an meastachán seo fáltais airgid de bhua éileamh eisithe agus breathnaítear ar réasúntacht an fhigiúir seo i gcomparáid leis an ioncam táillí a bhfuil súil leis bunaithe ar an bpróifíl scéimeanna atá ag an mBord ar ríomhaire.

ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus taillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe de Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Tá táillí CCSP ríofa trí thagairt don líon de tháirgí formheasta cláraithe agus luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

## c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun:

- costas na sochar aoisliúntais íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile.

## d) Cúlchiste caipitiúil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus luach neamh-amúchta an deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach ábhartha do riarachán CCSP. Amúchtar an cúlchiste seo ar aon dul le dímheas na sócmhainní cuí faighte.

## e) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inbhraite taispeánta ar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach a bhfuil leis i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasacha $6^{2}/_{3}$% – 15 bliana
- Trealamh ríomhaireachta 25% – 4 bliana
- Troscán oifige $12^{1}/_{2}$% – 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% – 5 bliana

## f) Léas oibríochta

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

## g) Aoisliúntas

Bunaithe ar na socruithe seo mar a bhfuil cur síos déanta orthu i Nóta 18 – socruithe atá i bhfeidhm ag an mBord i ndáil leis an scéim sochair shainmhínithe atá aige d'fhostaithe – is í tuairim an Bhoird nach bhfuil forálacha Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna sochair shainmhínithe, infheidhmithe i ndáil lena imthosca féin.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i ndáil le hioncam agus caiteachas sa bhliain amhail is dá mba scéim sochair shainmhínithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam ag seasamh d'íocaíochtaí á fháil ar ais ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

## h) Cúlchiste forfheidhmithe géillte

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht reachtúil rialála atá freagrach as comhlíonadh iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean 1990, arna leasú, a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le gníomhaíocht dhlíthiúil ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith le híoc ag an mBord as gníomhaíocht den chineál sin. Ní féidir braith roimh ré cathain a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh as, ach is é dearcadh an Bhoird gur chóir go leor acmhainní a bheith ar fáil nuair a tharlaíonn sé agus a leithéid do chostais a leathadh amach thar cúpla bliain.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmiúcháin comhlíonta ach a mbíonn a leithéid riachtanach.

# Cuntas ioncaim agus caiteachais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Scéime Pinsean Gairme | | **4,677,300** | 4,367,102 |
| Táillí Chúntas Coigiltis Scoir Phearsanta | | **810,511** | 562,759 |
| *Deontas Stáit maidir le:* | | | |
| Íocaíochtaí pinsean le baill foirne scortha | | **139,779** | 139,408 |
| Costais Chúntas Choigiltis Scoir Phearsanta | | **–** | 1,073,161 |
| Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean | *1* | **1,000,000** | 1,000,000 |
| Ioncam eile | *2* | **360,404** | 254,111 |
| Ioncam iomlán | | **6,987,994** | 7,396,541 |
| Tarchur ó/(go dtí) cúlchiste caipitiúil CCSP | *14* | **62,909** | (16,034) |
| | | **7,050,903** | 7,380,507 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, pinsin agus costais choibhneasta | *3* | **3,253,817** | 2,989,881 |
| Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird | *4* | **137,426** | 137,919 |
| Cíos agus costais oifige | *5* | **767,147** | 758,913 |
| Earcaíocht, traenáil agus oideachas | *6* | **140,629** | 138,125 |
| Eolas, taighde agus poiblíocht | *7* | **1,029,590** | 1,027,969 |
| Comhairliú agus táillí gairmiúla eile | *8* | **922,293** | 1,038,034 |
| Riarachán ginearálta | *9* | **304,927** | 346,615 |
| Dímheas | *10* | **201,543** | 197,753 |
| Caiteachas iomlán | | **6,757,372** | 6,635,209 |
| **Farasbarr don bhliain** | | **293,531** | 745,298 |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | | **6,476,833** | 5,731,535 |
| Farasbarr don bhliain | | **293,531** | 745,298 |
| Tarchur go dtí forfheidhmiúchán comhlíonta Cúlchiste | *15* | **(1,200,000)** | – |
| **Cúlchiste ioncaim ar 31 Nollaig** | | **5,570,364** | 6,476,833 |

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin pléite sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le oibreacha leanúnacha.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go 21 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*



**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

11 Bealtaine 2009

# Clár comhardaithe

## ag 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 € | 2008 € | 2007 € | 2007 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *10* | | **738,520** | | 903,071 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | *11* | **822,170** | | 687,722 | |
| Banc | *17* | **6,009,488** | | 5,856,314 | |
| | | **6,831,658** | | 6,544,036 | |
| **Fiachais Reatha** | | | | | |
| Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin | *12* | **262,301** | | 369,852 | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **6,569,357** | | 6,174,184 |
| **Sócmhainní iomlán** | | | **7,307,877** | | 7,077,255 |
| **Maoinithe ag** | | | | | |
| Cúlchiste forfheidhmithe géillte | *15* | **1,500,000** | | 300,000 | |
| Cúlchiste caipitiúil CCSP | *14* | **237,513** | | 300,422 | |
| Cúlchiste ioncaim | | **5,570,364** | | 6,476,833 | |
| | | | **7,307,877** | | 7,077,255 |

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus Nótaí 1 go 21 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.



**Tiarnan O Mahoney**
*Cathaoirleach*

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

11 Bealtaine 2009

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

| | *Nótaí* | **2008 €** | **2007 €** |
|---|---|---|---|
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta | *16* | **(105,238)** | 762,270 |
| Aischuir ó infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais | | | |
| Ús faighte | | **295,433** | 154,222 |
| Caiteachas caipitiúil | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú | | **(37,021)** | (266,282) |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainne seasta | | **–** | 1,135 |
| Bainistiú acmhainní leachtacha | | | |
| Laghdú/(méadú) i dtaiscí gearrthéarmacha | | **108,287** | (762,381) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim** | | **261,461** | (111,036) |
| Réiteach de shreabhadh airgid glan go dtí gluaiseacht i gcistí glan | *17* | | |
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain | | **261,461** | (111,036) |
| (Laghdú)/méadú i dtaiscí gearrthéarmacha | | **(108,287)** | 762,381 |
| Gluaiseacht i gcistí glana sa bhliain | | **153,174** | 651,345 |
| Ciste glan ag 1 Eanáir | | **5,856,314** | 5,204,969 |
| Ciste glan ag 31 Nollaig | | **6,009,488** | 5,856,314 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

## 1. Maoiniú agus costais Feachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Lean an Bord Pinsean thar ceann an Rialtais an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) i 2008. Cuireadh dáileadh €1 milliún ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil i gcaitheamh na bliana le haghaidh na sprice seo. Ba í an phríomhaidhm ag an bhfeachtas FNFP ná aird níos mó a dhíriú ar phinsin ar mhaithe le clúdach na bpinsean in Éirinn a mhéadú.

Caitheadh an dáileadh ar na príomh-chatagóirí seo a leanas:

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Eolas agus gníomhachtaí feasachta | **902,655** | 871,249 |
| Bainistíocht tionscadail | **84,352** | 75,591 |
| Riarachán | **22,539** | 37,011 |
| | **1,009,546** | 983,851 |

## 2. Ioncam eile

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Ioncam úis | **350,669** | 228,665 |
| Foilseacháin | **4,150** | 7,490 |
| Ioncam ilghnéitheach | **5,585** | 17,956 |
| | **360,404** | 254,111 |

## 3. Costas agus líon an bhfostaithe

Is é an forlíon iomlán foirne mar a bhí formheasta ag an Aire ar 31 Nollaig 2008 ná 39.5 buan (2007 – 39.5 buan). I 2008 ba é líon meánach na bhfostaithe seachas baill foirne conartha ná 39.5 (2007 – 37). Seo a leanas mar a bhí na fostaithe comhiomlána agus costais choibhneasta:

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Tuarastail | **2,503,825** | 2,291,798 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra* | **401,027** | 355,759 |
| Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra | **180,523** | 160,676 |
| Sochair aoisliúntais iníoctha | **139,779** | 139,408 |
| Foireann Chonartha – ginearálta | **28,663** | 42,240 |
| | **3,253,817** | 2,989,881 |

** Féach Nóta 18.*

## 4. Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Táillí an Bhoird | **136,743** | 137,472 |
| Costais | **683** | 447 |
| | **137,426** | 137,919 |

## 5. Cíos agus costais oifige

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Cíos | **567,917** | 569,172 |
| Táille seirbhíse | **49,502** | 59,081 |
| Rátaí | **62,061** | 59,704 |
| Leictreachas | **28,941** | 25,361 |
| Glantóireacht | **30,618** | 26,741 |
| Cothabháil ghinearálta | **23,553** | 17,019 |
| Stóráil lasmuigh den láthair | **4,555** | 1,835 |
| | **767,147** | 758,913 |

Tá an Bord i seilbh áitribh ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain a thosaigh ar 16 lúil 2001.

## 6. Earcaíocht, traenáil agus oideachas

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Costais earcaíochta agus foirne | **59,738** | 58,788 |
| Traenáil agus oideachas | **80,891** | 79,337 |
| | **140,629** | 138,125 |

## 7. Eolas, taighde agus poiblíocht

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta | **873,798** | 797,796 |
| Clóbhualadh agus foilseacháin | **93,111** | 153,862 |
| Seastáin eolais agus seoltaí | **45,776** | 60,733 |
| Taighde | **16,905** | 15,578 |
| | **1,029,590** | 1,027,969 |

*Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean*

## 8. Comhairliú agus táillí gairmiúla eile

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Táillí dlí | **404,794** | 357,913 |
| Táillí comhairlithe teicniúla/pinsin | **297,384** | 408,553 |
| Eolas agus caidrimh phoiblí | **92,764** | 113,217 |
| Comhairliú bainistíochta | **50,061** | 62,627 |
| Comhairliú earcaíochta | **5,558** | 9,771 |
| Táillí iniúchta inmheánach | **15,156** | 14,520 |
| Táillí iniúchta reachtúla | **15,000** | 15,000 |
| Eile | **41,576** | 56,433 |
| | **922,293** | 1,038,034 |

## 9. Riarachán ginearálta

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Costais páipéarachais agus riaracháin | **103,268** | 120,328 |
| Guthán agus postas | **48,261** | 53,470 |
| Cothabháil ríomhaire agus ábhair inchaite | **56,820** | 74,480 |
| Taisteal agus maireachtáil | **39,146** | 33,298 |
| Árachais | **56,202** | 64,342 |
| Ús agus táillí | **1,230** | 697 |
| | **304,927** | 346,615 |

## 10. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feabhsuithe maoine € | Trealamh ríomhaire € | Troscán oifige € | Trealamh oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2008 | 1,157,692 | 826,407 | 196,834 | 132,130 | 2,313,063 |
| Breiseanna sa bhliain | – | 26,454 | 3,310 | 7,257 | 37,021 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (46,987) | – | (16,783) | (63,770) |
| Ag 31 Nollaig 2008 | **1,157,692** | **805,874** | **200,144** | **122,604** | **2,286,314** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2007 | 528,421 | 613,874 | 154,828 | 112,869 | 1,409,992 |
| Táille don bhliain | 77,179 | 89,063 | 25,033 | 10,268 | 201,543 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (46,987) | – | (16,754) | (63,741) |
| Ag 31 Nollaig 2008 | **605,600** | **655,950** | **179,861** | **106,383** | **1,547,794** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2007 | 629,271 | 212,533 | 42,006 | 19,261 | 903,071 |
| Ag 31 Nollaig 2008 | **552,092** | **149,924** | **20,283** | **16,221** | **738,520** |

## 11. Féichiúnaithe

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Ioncam táille | **570,000** | 550,000 |
| Ús fabhraithe infhaighte | **109,308** | 61,569 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **131,556** | 59,374 |
| Féichiúnaithe eile | **11,306** | 16,779 |
| | **822,170** | 687,722 |

## 12. Creidiúnaithe

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Deiridh | **115,374** | 192,684 |
| Creidiúnaí cánach | **76,585** | 143,153 |
| Creidiúnaí deontais Stáit CCSP | **–** | 19,722 |
| Creidiúnaí RGST | **34,000** | – |
| Creidiúnaithe trádála | **36,342** | 14,293 |
| | **262,301** | 369,852 |

## 13. Gealltanais airgeadais

### (i) Gealltanais chaipitiúla

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ag 31 Nollaig 2008.

### (ii) Léasanna oibríochta

Bhí gealltanais iníoctha sa dhá mhí dhéag le teacht ag an mBord faoi léasanna oibríochta neamh-chealaithe mar seo a leanas:

| | 2008<br>€ | 2007<br>€ |
|---|---|---|
| Léas ar chóiríocht oifige | | |
| Dáta éagtha tar éis cúig bliana | **555,000** | 555,000 |

*Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean*

## 14. Cúlchiste caipitiúil CCSP

| | 2008 € | 2008 € | 2007 € | 2007 € |
|---|---|---|---|---|
| Ag tosach na bliana | | **300,422** | | 284,388 |
| **Tarchur (go dtí)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | | | |
| Deontas na bliana reatha | **–** | | 81,109 | |
| Amúchadh – sóchmhainní caipitlithe sa bhliain | **–** | | (19,244) | |
| – gnóthaithe na bliana roimh ré | **(62,909)** | **(62,909)** | (45,831) | 16,034 |
| Ag deireadh na bliana | | **237,513** | | 300,422 |

## 15. Cúlchiste forfheidhmithe géillte

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Ag tosach na bliana | **300,000** | 300,000 |
| Tarchur ó chúlchiste ioncaim | **1,200,000** | – |
| Ag deireadh na bliana | **1,500,000** | 300,000 |

## 16. Réiteach an fharasbairr don bhliain d'airgead tirim glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Farasbarr don bhliain | **293,531** | 745,298 |
| **Míreanna neamh-oibríochta** | | |
| Ús faighte | **(295,433)** | (154,222) |
| Caillteanas/(farasbarr) ó dhíolachán sóchmhainne seasta | **29** | (1,060) |
| **Míreanna neamh-airgid** | | |
| Tarchur (ó)/go dtí cúlchiste caipitiúil CCSP | **(62,909)** | 16,034 |
| Dímheas | **201,543** | 197,753 |
| (Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe | **(134,448)** | 123,325 |
| (Laghdú) i gcreidiúnaithe neamh-chaipitiúla | **(107,551)** | (164,858) |
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochta | **(105,238)** | 762,270 |

## 17. Anailís na gcostas i gcistí glan

| | Ag 1 Eanáir 2008 € | Sreabhadh airgid € | Ag 31 Nollaig 2008 € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 493,933 | 261,461 | **755,394** |
| Taiscí gearrthéarmacha | 5,362,381 | (108,287) | **5,254,094** |
| | 5,856,314 | 153,174 | **6,009,488** |

## 18. Cóireáil chuntasaíochta do shochair scoir*

Reáchtálann an Bord scéim peinsean sochair sainmhínithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus tá sé formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair phinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Chomh maith leis sin, tá roinnt tréithe sainithe ag socruithe an Bhoird Phinsean:

- tugann an Bord ranníocaíocht aontaithe don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- bíonn eilimint fhostaí mar aon le heilimint fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Bíonn ranníocaíocht an fhostóra mar 16.67% de phá comhlán agus íocann an Bord as. Ar aon dul le polasaí Rialtais ar phinsin na hearnála poiblí, méadófar an ranníocaíocht seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2009 go dtí 25% de phá comhlán d'fhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán d'fhostaithe ag íoc ÁSPC ag ráta D
- tá geall léir ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le Comhaontú na Roinne Airgeadais, go gcomhlíonadh an Státchiste costas na sochar de réir mar a thagann siad chun cinn.

Measann an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag a chuid socruithe pinsean, ó thaobh an Bhoird de, mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe. Tá sé den tuairim nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a éiríonn faoi scéimeanna sochair sainmhínithe oiriúnach dá chúinsí. Dá bhrí sin déanann siad cuntasaíocht dá ranníocaíocht faoi mar dá mbeadh sé ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe.

** Féach Nóta 3.*

*Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean*

## 19. Baill den Bhord – nochtadh idirbhearta

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord le haghaidh fostaithe agus baill an bhoird faoi réir an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir i leith nochtadh na leasanna ag baill an Bhoird agus tá an Bord tar éis cloí leis na gnáthaimh seo i rith na bliana. Ó am go ham fostaíonn an Bord seirbhísí chomhairleoirí seachtracha le cáilíochtaí cuí chun oibreacha a dhéanamh d'fhonn cabhrú leis an mBord ina chuid oibre. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-gnáthaimh forthairisceana, a fheidhmíonn tríd an seirbhís phoiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. De réir nádúr na hoibre is féidir leis an mBord socrú conartha a dhéanamh ina bhfuil baill den Bhord fostaithe nó a bhfuil suim eile acu ann.

I rith 2008 thabhaigh an Bord táillí a bhí iníoctha le tríú páirtithe, táillí dlí san áireamh, maidir le seirbhísí gairmiúla de mhéid €922,293 le CBL san áireamh. Áiríonn an méid seo €21,538 a bhí iníoctha le Deloitte and Touche, comhlacht a bhfuil an tUasal Niall Walsh ball an Bhoird mar chomhpháirtí de agus méid de €42,350 a íocadh le Mercer Human Resources Limited, comhlacht a bhfuil Rosalind Briggs Uasal agus Mary Wade Uasal baill an Bhoird mar fhostaithe de.

## 20. Cánachas

Tá an Bord díolúnach ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

## 21. Formheas na ráiteas airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 11 Bealtaine 2009.

# An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an Bord Pinsean faoi théarmaí tagartha na hAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998.

De réir na gceanglas atá leagtha amach in Alt 12 den Acht, is mian linn na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- deimhníonn an Bord go bhfuil sé ag comhlíonadh leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998
- tá sé de nós ag an mBord a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras
- íoctar na sonraisc ar fad beagnach laistigh de 30 lá ach iad a fháil
- i gcás conradh scríofa, íoctar sonraisc ar aon dul le téarmaí an chonartha
- lena chois sin, chuir an Bord córas ríomhairithe i bhfeidhm atá deartha d'fhonn a chinntiú gur comhlíonadh le forálacha íocaíochta an Achta
- sa chás gur ann do dhíospóid idir an Bord agus soláthraí, tá nós imeachta ann a chinntítear go ndéantar taifead ar theagmháil idir an Bord agus soláthraí, maidir leis an díospóid
- ní fhéadfaidh an nós imeachta dá dtagraítear ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh leis an Acht
- ní raibh íocaíochtaí déanacha ar bith ann i 2008, agus, dá réir sin, ní dhearnadh íocaíochtaí pionóis úis ar bith i rith na bliana

In athuair, is mian liom a chur in iúl go bhfuilim sásta go bhfuil gníomhaíocht an Bhoird le déileáil leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, ag comhlíonadh leis an Acht.

Brendan Kennedy

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

11 Bealtaine 2009

# Aguisíní

Aguisín I – Ag tuairisciú dul chun cinn ar ár gcuspóirí straitéiseacha – treoir léargais 43

Aguisín II – Plean Gníomhaíochta Custaiméara 48

Aguisín III – Giorrúcháin 51

# Aguisín I

## AG TUAIRISCIÚ DUL CHUN CINN AR ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA – TREOIR LÉARGAIS

| Cuspóirí | Dul Chun Cinn 2008 | Freagracht |
|---|---|---|
| **RÁITEAS MISIN 1**<br>**Slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí do Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta a chur chun cinn, de réir Acht na bPinsean, 1990 (arna leasú).** | | |
| (a) Aon athruithe reachtúla a bhfeabhsaíodh éifeachtacht an rialacháin agus/nó maoirseacht phinsin a mholadh tar éis na héifeachtaí dóchúla i gcomhthéacs na hAnailíse um Tionchair Rialála a chainníochtú. | Thug An tAcht Leasa Shóisialaigh agus um Phinsin 2008 isteach an clárú agus iniúchadh ar sheirbhísí riaracháin le héifeacht ó 1 Samhain 2008. Faoin gcóras rialacháin nua seo tá freagracht ag an mBord chun iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeáin seirbhís riaracháin agus chun deireadh a chur le clárú nó chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mura gcomhlíontar leis na caighdeáin.<br><br>Táthar tar éis moladh i leith athruithe reachtacha sa réimse infheistíochta agus ráthaíochtaí fostóra a chur faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun breathnú air agus b'fhéidir chun é a chuimsiú sa Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009. | Reachtaíocht |
| (b) Maoirseacht phinsin tráthúil leanúnach agus éifeachtach a chothabháil. | Eisíodh Fógraí Fíneálacha d'iontaobhaithe de 23 scéim sochair sainmhínithe, scéim ranníocaíochta sainmhínithe amháin agus do 6 fhostóir i leith cionta sainiúla faoi Acht na bPinsean. | Rialú |
| (c) Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú phrionsabail an Rialtais um Rialáil Níos Fearr maidir le rialachán pinsean nua agus eiseach agus aon athruithe cuí a dhéanamh. | Leanann an Bord ag forbairt a chóras rialála i modh comhsheasmhach leis na prionsabail um Rialáil Níos Fearr. | Reachtaíocht |
| (d) Athbhreithniú agus athruithe cuí a dhéanamh ar phróisis maoirseachta na bpinsean laistigh den Bhord d'fhonn a chinntiú gur úsáid feidhmiúil agus éifeachtach iad seo d'acmhainní. | Táthar tar éis acmhainní maoirseachta an Bhoird a chónascadh isteach san Aonad um Rialáil le freagracht iomlán do mhaoirseacht réamhghníomhach ar Acht na bPinsean. | Rialáil, Reachtaíocht, Polasaí |
| (e) Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí pionóis agus ionchúisimh an Bhoird agus aon athruithe cuí a dhéanamh d'fhonn an leibhéal comhlíonta is mó a chinntiú gan costais ró-mhór a thabhú. | Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar pholasaí ionchúisimh agus pionóis an Bhoird an t-am ar fad.<br><br>De dheasca na pionóis ar an láthair a thabhairt isteach méadaíodh éifeachtacht fhorfheidhmiúchán chomhlíonadh an Bhoird i rith 2008. | Reachtaíocht, Rialáil |
| (f) Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán agus maoirseacht infheistíochta agus moladh a dhéanamh ar aon athruithe reachtúla cuí d'fhonn a chinntiú go dtacaíonn infheistíocht cuspóirí an mhaoinithe pinsean. | Táthar tar éis moladh i leith athruithe reachtacha sa réimse infheistíochta agus ráthaíochtaí fostóra a chur faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun breathnú air agus b'fhéidir chun é a chuimsiú sa Bhille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009. | Reachtaíocht |
| (g) Maoirseacht ghrúpaí ar Chonarthaí Blianachtaí Scoir a chur in áit. | Tagann RACanna iontaobhais faoi rialáil an Bhoird, toisc go bhfuil siad laistigh de shainchúram Acht na bPinsean anois. | Reachtaíocht |

| Cuspóirí | Dul Chun Cinn 2008 | Freagracht |
|---|---|---|
| (h) Deireadh a chur le cinntí polasaí a thagann chun cinn ó Threoir AE na bPinsean agus cur le moltaí le haghaidh Treoracha AE eile agus tionscnaimh atá bainteach le pinsin. | Bhí ionadaíocht ag an mBord ag cruinnithe CEIOPS agus OPC. Bunaíodh coiste cosaint tomhaltóra nua (CCP) faoi CEIOPS, a raibh an Bord mar bhall de.<br>Cuireadh freagra comhairlithe faoi bhráid Choiste an AE ar Shócmhainneachta II agus cuireadh críoch le ceistneoirí ar ghnéithe pinsin ag eascairt as an Treoir IORP.<br>Thóg an Bord suas ról tosaigh i líon áirithe tionscadal ag baint le gníomhaíocht trasteorann ar nós athbhreithniú ar dhlí sóisialta agus saothair Eorpach agus ar Phrótacal Bhúdaipeist. | Reachtaíocht, Polasaí |
| (i) Cur le fóraim maoirseachta an AE (CEIOPS agus a páirtithe oibre faoi láthair) ar mhaithe le malartú eolais agus comhoibriú i measc rialtóirí/maoir pinsin AE chun coinbhéirseacht maoirseachta pinsin agus an fhorbairt de dhea-chleachtais a chothú. | Comhlíonadh roinnt mhaith ceistneoirí CEIOPS i rith 2008 faoi ghnéithe ábhartha de phinsin i gcomhréir leis an Treoir IORP.<br>Bhí ionadaithe an Bhoird i láthair ag cruinnithe ábhartha de CEIOPS, OECD, CCP agus OPC (lena n-áirítear fo-ghrúpa Sóhmhainneachta II) i rith 2008. | Polasaí |
| (j) Na próisis chuí a chur in áit ar mhaithe le gnó pinsean trasteorann. | Fuair an Bord cúig iarratas ar údarú trasteorann i 2008, rud a chiallaigh go raibh 27 iarratas den chineál sin ann. | Rialáil |
| (k) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Maoinithe Reachtúil d'fhonn cothromaíocht réasúnta a chinntiú idir fostóirí a éascú scéimeanna sochair sainmhínithe a chothabháil agus ábhair spéise a mball a chosaint. | Tugadh faoi obair bhreise ar an athbhreithniú ar an gcaighdeán maoinithe i rith 2008 agus cuireadh í ar aghaidh chuig an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.<br>Foilsíodh treoirlínte athbhreithnithe ar Chuid 49(3). | Polasaí |
| (l) Ról an Bhoird a fhorfheidhmiú i gcóras monatóireachta d'obair phinsean achtúireach reachtúil. | Cuireadh críoch leis an gcéad athbhreithniú bliantúil ar obair phinsean achtúireach i rith 2008. Bhí toradh sásúil ar an athbhreithniú seo. | Polasaí |
| (m) Teagmháil leis an Rialtóir Airgeadais leis an gcuspóir chun bearnaí nó forluí a sheachaint agus comhoibriú oiriúnach a chinntiú. | Tionóladh cruinnithe le linn 2008 leis an Rialtóir Airgeadais chun díospóireacht a dhéanamh ar réimsí suime comhchoiteann. Leanfaidh sé seo ar aghaidh ar bhonn leanúnach. | Polasaí |
| (n) Comhairle a thabhairt ar aon athruithe reachtúla atá ag teastáil maidir le haon scéimeanna pinsean a d'fhéadfadh a bhaint ón liosta i Sceideal C de na Rialacháin um Scéimeanna Pinsean Gairme (Caighdeán Maoinithe) 1993, agus aon athruithe dá leithéid a chur i bhfeidhm. | I ndiaidh díospóireachtaí leis an Roinn Airgeadais, tugadh rialacháin isteach le héifeacht ó 1 Lúnasa 2008 a rinne an liosta i Sceideal C de Chuid IV d'Acht na bPinsean a nuashonrú. | Polasaí |

| Cuspóirí | Dul Chun Cinn 2008 | Freagracht |
|---|---|---|
| (o) Scrúdú a dhéanamh ar chumhachtaí forfheidhmithe an Bhoird Phinsean in Acht na bPinsean agus aon athruithe a dhéanfadh iad seo níos éifeachtaí a mholadh. | Breathnaíodh ar bheartais a thabhairt isteach chun cumhachtaí an Bhoird a threisiú maidir le héascú d'ionchúisimh a thógáil faoi Acht na bPinsean.<br><br>Thug an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008 isteach clárú agus iniúchadh ar sheirbhísí riaracháin (Riarthóirí Cláraithe (RAanna)) le héifeacht ó 1 Samhain 2008.<br><br>Faoin gcóras nua seo beidh an Bord freagrach as caighdeáin seirbhíse riaracháin a iniúchadh agus deireadh a chur le clárúchán nó smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mura gcomhlíontar leis na caighdeáin. | Reachtaíocht |
| (p) Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar reachtaíocht reatha chun a chinntiú go leanann sí a bheith éifeachtach. | Lean ar aghaidh an t-am ar fad ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar reachtaíocht eiseach. Rialacháin Nochta maidir le míreanna ar nós Ráitis Réamhaisnéise Réasúnta (SRPanna), cuireadh riachtanais foirceanta áirithe do scéimeanna agus eolas eurostat isteach sa dlí i 2008. | Reachtaíocht |
| (q) Páirt ghníomhach a ghlacadh in ullmhúchán aon athruithe reachtúla agus rialúcháin riachtanacha. | Bhí toradh ar athbhreithniú piara ar obair achtúireach sásúil. | Rialáil |
| **RÁITEAS MISIN 2**<br>**Chun forbairt na struchtúr pinsean náisiúnta éifeachtacha a chur chun cinn.** | | |
| (a) Cinntí atá le bheith tógtha ag leibhéal náisiúnta a spreagadh agus a thacú mar fhreagra ar an Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean. | Leanadh le hionadaíocht an Bhoird ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhpháirtíochta Athbhreithniú Pinsean; cuid den obair seo ba ea eolas cúlra a sholáthar faoi na gnéithe éagsúla. | Polasaí |
| (b) Imscrúdú a dhéanamh ar réimsí a nochtar san Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean le breathnú agus plé breise agus tabhairt faoi aon ghníomh bhreise orthu siúd a measann an Bord le bheith oiriúnach fad is a bhfuil sé meabhrach de fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Comhlíonadh obair ar staidéar ar mhná agus pinsin mar chuid den réamh-obair maidir leis an athbhreithniú ar an Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean. Cuireadh an t-athbhreithniú ar fionraí go dtí críoch phróiseas an pháipéir ghlais.<br><br>Measadh na samhlacha ón Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean nuair a bhí an Páipéar Glas ar Phinsin á chur i dtoll a chéile. | Polasaí |
| (c) Tuairisciú don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi prionsabail chórais phinsin sainordaitheach nó leath-sainordaitheach agus córas oiriúnach d'Éireann a mholadh. | Measadh na samhlacha ón tuarascáil ar Choigiltis Speisialta Scoir nuair a bhí an Páipéar Uaine ar Phinsin á chur i dtoll a chéile. | Polasaí |

| Cuspóirí | Dul Chun Cinn 2008 | Freagracht |
|---|---|---|
| (d) Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid an struchtúir Iontaobhais mar an gcóras rialachais is éifeachtaí do scéimeanna pinsean. | I 2008 tugadh isteach reachtaíocht chun roinnt príomh-mholtaí atá le fáil sa tuarascáil iontaobhaíochta a chur i bhfeidhm. Ba iad na príomh-mholtaí i gceist ná rialáil riarthóirí scéime agus oiliúint iontaobhaithe. | Polasaí |
| (e) Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscanaimh agus forbairtí polasaí pinsean de chuid an AE, OECD agus cinn idirnáisiúnta eile, ar mhaithe le struchtúir pinsean náisiúnta na hÉireann. | I rith 2008 ghlac an Bord páirt ghníomhach trí mheán freastail ar chruinnithe ábhartha agus chur i láthair a sholáthar le haghaidh roinnt mhaith cruinnithe. | Polasaí |
| (f) Ionchur don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le saincheisteanna dlí teaghlaigh a bhaineann le pinsin. | Chuaigh an Bord i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi shaincheisteanna pinsean ábhartha. | Polasaí |
| (g) Ionchur don Roinn Airgeadais agus Ioncam faoi aon saincheist cánach a bhaineann le pinsin. | Leanadh le teagmháil rialta leis an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le ceisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar phinsin.<br>Cuireadh aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin um Chánachas ar son an Bhoird. | Polasaí |
| (h) Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna pinsean i 2008. | Lean an Bord le plé a dhéanamh ar ábhar an mhodúil pinsin sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Is é seo an chéad uair go mbeidh ceisteanna ar phinsin san áireamh sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta. Cuireadh an suirbhé i ngníomh i 2008.<br>Leanadh le teagmháil rialta leis an CSO i ndáil le suirbhéanna eile, cosúil leis an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil. | Polasaí |
| (i) Scrúdaigh, i gcomhairliú leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an fhéidearthacht de sheirbhís náisiúnta rianú sochair pinsin a thabhairt isteach. | Tá an tionscnamh seo á scrúdú mar chuid de thionscadal riachtanais sonraí an Bhoird. | Polasaí |
| **RÁITEAS MISIN 3**<br>**Chun leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsin a chur chun cinn – córas a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir dóthanach a bheith acu.** | | |
| (a) Eolas a chur ar fáil do gheallsealbhóirí pinsin trí foilseacháin, suíomh gréasáin agus seirbhís fiosrúcháin. | Lean an Bord le feabhas a chur ar sheachadadh a sheirbhísí faisnéise ar-líne. Soláthraítear ár leabhráin faisnéise uile i leith pinsin saor in aisce agus tá siad ar fáil ar-líne ag *www.pensionsboard.ie* | Faisnéis |

| Cuspóirí | Dul Chun Cinn 2008 | Freagracht |
|---|---|---|
| (b) Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a eagrú a bheidh urraithe ag an Rialtas. | Reáchtáil an Bord Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean an-rathúil ar son an Rialtais i 2008. Seachadadh clár cumarsáid geallsealbhóra i rith na bliana ar fad. Thairis seo tugadh tábhacht ar leith don tSeachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean i mí Bealtaine agus spriocdháta an chomhdaithe cánach i mí Dheireadh Fómhair. | Faisnéis |
| **RÁITEAS MISIN 4**<br>**Chun faisnéis agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha mar thacaíocht de shlándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.** | | |
| (a) Socrú a dhéanamh d'iompar suirbhéanna rialta faoi chlúdach pinsean in Éirinn. | Socraíodh leis an CSO suirbhé módúl pinsean iomlán a reáchtáil i 2009 mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil. Foilsíodh torthaí suirbhé do ráithe I 2007 agus I 2008 i Meán Fómhair 2008.<br>Cuireadh suirbhé pinsean iomlán i gcrích i 2008 mar chuid den suirbhé náisiúnta fostaíochta. | Polasaí |
| (b) Réimsí taighde pinsean agus eolas staitistiúil atá riachtanach a aithint agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe leo seo. | Tá an Bord tar éis bheith i mbun teagmhála leis an CSO ar bhonn leanúnach chun roinnt eolais a chóimheas de réir mar atá leagtha amach ag rialachán na Comhairle AE a bhaineann le staitisticí gnó struchtúrtha (Eurostat).<br>Táthar tar éis rialacháin a éilíonn sonraí scéim pinsean do Eurostat a chur i bhfeidhm. | Polasaí |
| (c) Eolas a sholáthar d'eagraíochtaí náisiúnta nó thar lear ag a bhfuil suim i struchtúr pinsean na hÉireann. | Cuireadh eolas maidir le pinsin ar fáil d'eagraíochtaí nuair a iarradh air agus nuair a raibh an t-eolas ar fáil. | Polasaí |
| (d) Tacaíocht a thabhairt don chuspóir náisiúnta chun Éire a chur chun cinn mar ionad do phinsin uile-Eorpach agus trasteorann. | I 2008 leanadh ar aghaidh ag ionadú an Bord sa tascfhórsa pan-Eorpach. | Polasaí |

# Aguisín II

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CUSTAIMÉARA (CAP) – FEIDHMÍOCHT I gCOINNE GEALLTANAIS

### Caighdeáin seirbhíse ardchaighdeáin

1. Tá Cairt Chustaiméirí an Bhoird foilsithe ar ár suíomh gréasáin agus le feiceáil in oifigí an Bhoird. Tá eolas le fáil sa Chairt Chustaiméirí seo ar riachtanais chustaiméirí. Tá ár CAP ar fáil freisin i bhfoirm leabhráin agus ar-líne.
2. Cuireadh cártaí barúla ar fáil i seomra fáiltithe an Bhoird agus ar-líne.
3. Tagann grúpa athbhreithnithe suímh ghréasáin le chéile go rialta chun suíomh gréasáin an Bhoird a athbhreithniú agus a nuashonrú agus a chinntiú go bhfuil sé ábhartha, beacht agus éasca le húsáid.
4. Déantar an dul chun cinn ar na tionscnaimh atá imlínithe sa CAP a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ag foireann bhainistíochta an Bhoird.

### Comhionannas/éagsúlacht

5. Cinntíonn an Bord go bhfuil béim ann i gcónaí ar thorthaí cóireála comhionann agus cothrom le haghaidh ár gcustaiméirí go léir. Comhlíontar an méid seo trí oiliúint leanúnach cúram custaiméirí don fhoireann.
6. Tugtar modúl faoi chomhionannas ó pheirspictíocht na bhfostaithe in oiliúint insealbhaithe chun an fhoireann a dhéanamh meabhrach faoi na naoi bhfearann éagóracha a chlúdaítear i reachtaíocht comhionannais fhostaíochta.

### Rochtain fhisiciúil

7. Déantar oifig an Bhoird a chothabháil chun a chinntiú go leanann cuairteoirí agus aon bhall foirne le mhíchumais, nó aon riachtanais rochtana sainiúla eile, ag baint leasa as timpeallacht daingean agus sábháilte agus iad ar áitreabh an Bhoird.

### Faisnéis

8. Leanann an Bord ar aghaidh ag feabhsú ár ngealltanais d'fhoráil faisnéise chustaiméara de réir mar atá imlínithe i gCairt Chustaiméara an Bhoird.
9. Soláthraíonn an Bord uimhir Ghlao Áitiúil (1890 65-65-65) chun cabhrú le custaiméirí lena bhfiosrúcháin.

### Tráthúlacht agus cúirtéis

10. Táthar ag cloí le na hamanna slánúcháin do chomhfhreagras leis an mBord, de réir mar atá forordaithe ina Chairt Chustaiméara.

### Gearáin

11. Thug an Bord foirm ghearáin isteach agus chuir sé córas taifeadta le haghaidh barúlacha agus gearáin i bhfeidhm mar chuid dá Chairt Chustaiméara.

### Luacháil comhairlithe

12. Chuaigh an Bord i gcomhairle lena chustaiméirí trí cheistneoir suirbhé custaiméara a eisiúint as a dtáinig an fhorbairt dá chairt custaiméara. Léirigh an suirbhé custaiméara leibhéal sásaimh chustaiméara maith.
13. Cuireadh torthaí an tsuirbhé custaiméara in éineacht le tionscnaimh oiliúna agus forbartha le haghaidh foireann an Bhoird.

## Rogha

14. Cuireann an Bord na roghanna is fearr ar fáil do chustaiméirí i dtéarmaí modhanna íocaíochta agus seachadta seirbhísí i gcoitinne, ina n-áirítear baincéireacht ar líne.

15. Tá an reachtaíocht um íoc pras cuntas fós á shásamh ag an mBord.

## Comhionannas na dteangacha oifigiúla

16. Is é polasaí an Bhoird forálacha Achta na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, lena n-áirítear ár straitéis, ár dtuarascáil bhliantúil agus an CAP a fhoilsiú i nGaeilge.

17. Foilsítear na leabhráin faisnéise nua go léir as Béarla agus as Gaeilge.

18. Tá seirbhísí ar an suíomh gréasáin a d'fhéadfaí a sholáthar as Gaeilge á aithint.

19. Cuirtear oiliúint teanga ar fáil don fhoireann go léir.

## Comhordú níos fearr

20. Tá cruinnithe rialta fós á reáchtáil ag an mBord leis na comhlachtaí ionadaithe agus le Ranna/gníomhaireachtaí Rialtais.

## Custaiméir inmheánaigh

21. Táthar ag tabhairt aghaidh ar na riachtanais oiliúna agus forbartha atá ag teacht chun cinn ón Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ar bhonn leanúnach.

22. Leantar ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais an Bhoird faoin reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht.

23. Tagann an Coiste Comhpháirtíochta le chéile go rialta agus feidhmíonn sé go maith mar fhóram trínar féidir leis an bhfoireann agus an luacht bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht reatha agus tionscnaimh nua a fhorbairt.

24. Glacann baill foirne an Bhoird páirt i gcruinnithe rialta foirne, ar aon le cruinnithe rialta i rith na bliana chun eolas a thabhairt don fhoireann ar na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an mBord agus feidhmiú an Bhoird.

25. Reáchtáiltear athbhreithniú rialta deireadh bliana, caitear súil chun cinn mar aon le cruinniú ginearálta foirne i mí na Nollag.

# Aguisín III

## GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| **AFC** | Teastas Maoinithe Achtúireach |
| **RDB** | Ranníocaíocht Deonach Bhreise |
| **Bord** | An Bord Pinsean |
| **CAP** | Plean Gníomhaíochta Custaiméara |
| **CEIOPS** | Committee of European Insurance and Occupational Pension Supervisors |
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **RGST** | An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh |
| **AE** | Aontas Eorpach |
| **FÁS** | Foras Áiseanna Saothair |
| **GSAP** | Gnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin) (ar a dtugtaí an Dúiche Sochair Scoir) |
| **GAIE** | Ollmheán Tuarastail Tionsclaíochta |
| **Treoir IORP** | Treoir 2003/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus Ón gComhairle de 3 Meitheamh 2003 faoi ghníomhaíochtaí agus mhaoirseacht na n-institiúidí um fhoráil scoir ghairme |
| **IORP** | Institution for Occupational Retirement Provision |
| **FNFP** | Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean |
| **NPAW** | Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean |
| **TPPN** | Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta |
| **NPR** | Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean |
| **OECD** | Eagraíocht um Chomhar & Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **OPC** | Coiste na bPinsean Gairme |
| **an tAcht** | Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, |
| **CBFF** | Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| **CCSP** | Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta |
| **SCA** | Seirbhís Chustaiméara Ardchaighdeáin |
| **RACanna** | Conarthaí Blianachta Scoir |
| **RIA** | Anailís um Thionchar Rialála |
| **I.R. Uimh.** | Ionstraim Reachtúil uimhir |

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Glao Áitiúil: 1890 65 65 65

**www.pensionsboard.ie**

ISSN 1649 8690